ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

TUARASCÁIL BLIANTÚIL AGUS CUNTAS 2010

www.bai.ie

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 1 Deireadh Fómhair 2009.

De bhun alt 38 den Acht Craolacháin 2009, déanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann tuarascáil a thabhairt don Aire i dtaobh chomhlíonadh a chuspóirí, a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí le linn na bliana roimhe sin.

Cuimsítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2010 an tuarascáil seo.

Clár an Ábhair

Buaicphointí 03

Cúlra, Feidhmeanna agus Cuspóirí an Údaráis, ar a n-áirítear forléargas ar gach Coiste Reachtúil agus sainchúram gach Coiste Reachtúil. 04

Comhaltas an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla, ar a n-áirítear freastal. 06

Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann an BAI. 12

Réamhrá an Chathaoirligh. 14

Súil Siar ón bPríomhfheidhmeannach. 17

Gníomhaíochtaí i dtaca le Polasaí agus Cóid & Caighdeáin, ar a n-áirítear tuarascáil ag an Údarás ar chomhlíonadh a fheidhmeanna. 20

- Craolachán Seirbhíse Poiblí 21
- Cóid agus Caighdeáin 22
- Forbairt na hEarnála 24
- Oibriochtaí An BAI 26
- Bainistíocht agus Rialachas Airgeadais 27
- Cumarsáid 28

Gníomhaíochtaí i dtaca le Comhlíonadh, ar a n-áirítear tuarascáil ón gCoiste um Chomhlíonadh ar fheidhmiú a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí. 30

Gníomhaíochtaí i dtaca le ceadúnú agus conarthaí, ar a n-áirítear tuarascáil ón gCoiste um Dheonú Conarthaí ar fheidhmiú a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí. 37

Achoimre/Léargas Ginearálta ar an Scéim um Chistiú Craolacháin agus Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí na Bliana. 40

Údarás Craolacháin na hÉireann – Ráitis Airgeadais. 43

An Ciste Craolacháin - Ráitis Airgeadais. 68

Buaicphointí

- Cuireadh Ráiteas Straitéise 2011-2013 an BAI i gcrích agus foilsíodh é i mí na Nollag tar éis dó comhairliúchán fairsing a reáchtáil le páirtithe leasmhara ar feadh na bliana.

- Tugadh chun críche an chéad athbhreithniú ar chistiú poiblí RTÉ agus TG4 araon agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag deireadh mhí na Nollag 2010.

- Ainmníodh an tionscadal beochana "*The Secret of Kells*" – a cistíodh tríd an Scéim um Chistiú Craolacháin de chuid an BAI – le haghaidh gradam Oscar ag na Duaiseanna ó Acadamh Ealaíon agus Eolaíochtaí na Scannán. I rith na bliana cuireadh os cionn €9.1 milliún ar fáil faoin Scéim i dtreo léiriú 259 tionscadal teilifíse agus raidió.

- Thug an BAI éifeacht dlí don cheanglas na rialacháin nua Eorpacha atá sa Treoir um Sheirbhísí Meáin Chlosamhairc a thrasuíomh i nDlí na hÉireann; rinneadh é sin trí chóid athbhreithnithe um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta agus um Chumarsáidí Tráchtála do Pháistí a thabhairt isteach. Leasaigh an BAI freisin na Rialacha maidir le hUasteorainneacha Fógraíochta in aghaidh an Lae agus na hUaire, ar mhaithe le craoltóirí agus iad ag iarraidh scoth na gclár a chur ar fáil do lucht éisteachta agus féachana na hÉireann.

- Cuireadh an Tobhach i bhfeidhm agus tugadh trí cinn de ráitis airgid i gcrích (BCI, BAI agus an Ciste um Chistiú Craolacháin).

- Tugadh i gcrích freisin Measúnuithe ar Thionchar ar an Earnáil i dtaobh roinnt cainéil nua seirbhíse poiblí a mhol RTÉ agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Aire.

- Próiseáladh 623 gearán ar fad i rith na bliana.

- De bharr fheidhmiú éifeachtach, éifeachtúil an Údaráis agus an dá Choiste Reachtúla, le tacaíocht an Fheidhmeannais, chuir an BAI i gcrích a chéad bhliain iomlán feidhmiúcháin.

Cúlra, Feidhmeanna agus Cuspóirí an Údaráis, ar a n-áirítear forléargas ar gach Coiste Reachtúil agus sainchúram gach Coiste Reachtúil.

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ("BAI") ar an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus tá freagracht air i leith réimsí gníomhaíochta den chraolachán a mbaineann tábhacht ar leith leo i dtaobh seirbhísí teilifíse agus raidió in Éirinn, de bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009 ("an tAcht"). Cuimsíonn an BAI obair a bhíodh ar siúl roimhe seo ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann ("BCI") agus ag an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin ("BCC").

Is é atá sa BAI Údarás agus dhá Choiste reachtúla a thacaíonn lena chuid oibre – an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh. Tá cuspóirí agus feidhmeanna an Údaráis leagtha amach faoi ailt 25 go 28 den Acht.

Cuspóirí an BAI:

Leagtar amach cuspóirí an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla in alt 25(1) den Acht. Déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú—

(a) *"maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;"*

(b) *"go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus;*

(c) *"go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch".*

Tugtar míniú breise in alt 25(2) den Acht:

Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla—

(a) *soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh,*

(b) *a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht seo a chomhall,*

(c) *éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó ag a bhfuil tionchar,*

(d) *timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú,*

(e) *timpeallachta rialaitheach a sholáthar dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú,*

(f) leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a ghéilliúla agus atá leanaí agus an óige do shaothrú tráchtála míchuí,

(g) timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, agus

(h) Forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Ceanglaítear ar an Údarás in alt 25(3) go bhféachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar—

(a) go mbeidh siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach san alt seo,

(b) go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin le linn an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát a chur i gcuntas,

(c) go gcoimeádfar i gcuimhne iontu na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCodanna 7 agus 8,

(d) go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha, agus

(e) go bhfreastalófar leo go réidh ar fhorbairt na teicneolaíochta, agus ar fheidhmiú na forbartha sin, ag an earnáil chraolacháin agus go ndéanfar leo an céanna a spreagadh go réidh.

Leagtar amach príomhfheidhmeanna an Údaráis agus na gcoistí reachtúla idir alt 26 agus alt 28 den Acht. Áirítear ar na feidhmeanna sin i gcás an Údaráis, straitéis a ullmhú le haghaidh soláthar seirbhísí craolacháin; ráiteas straitéise trí bliana a ullmhú; ordú tobhaigh a dhéanamh; cóid agus rialacha, mar aon le scéim chun ceart freagartha a fheidhmiú, a ullmhú; ról comhairle agus treorach i dtaca le craoltóirí seirbhíse poiblí, ar a n-áirítear moltaí a dhéanamh i dtaca le cistiú poiblí; scéimeanna a chur i bhfeidhm chun cistí a dheonú agus feidhmeanna gaolmhara éagsúla a fheidhmiú.

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as feidhmiú an phróisis iarratais le haghaidh seirbhísí craolacháin agus oibriúcháin ilphléacs.

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú an chomhlíonta, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, agus as roinnt feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú.

Comhaltas an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla, ar a n-áirítear freastal.

Leagtar amach in alt 8 den Acht na nósanna imeachta chun duine a cheapadh ar an Údarás, ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí agus ar an gCoiste um Chomhlíonadh.

An tÚdarás:
Naonúr comhaltaí atá ar an Údarás. Cheap an Rialtas cúigear díobh sin tar éis don Aire iad a ainmniú. Cheap an Rialtas an ceathrar comhaltaí eile i mí Feabhra 2010 tar éis don Aire iad a ainmniú agus ag féachaint do chomhairle an Chomhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, agus ag féachaint d'ainmniúcháin an Chomhchoiste sin.

Comhaltaí an BAI ar an 31 Nollaig 2010:

Bob Collins
(Cathaoirleach)
Príomh-Choimisinéir Choimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus iar-Ard-Stiúrthóir ar RTÉ.

Larry Bass
Príomhfheidhmeannach Screentime ShinAwiL

Paula Downey
Comhpháirtí in Downey Youell Associates, a chruthaigh CultureWork

An tOllamh Colum Kenny
Léachtóir, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Dr. Maria Maloney
Dlíodóir agus iar-ionadaí de chuid Thuaisceart Éireann ar an gCoimisiún um Raidió agus Teilifís Neamhspleách sa Ríocht Aontaithe (Londain)

Michelle McShortall

Príomh-Ailtire Foghlama le Intuition, cuideachta seirbhísí eolais a chuidíonn le cliaint eolas a mhéadú agus a roinnt ar fud a n-eagraíochta go léir

Michael Moriarty

Ard-Rúnaí, An Cumann Gairmoideachais in Éirinn

Siobhán Ní Ghadhra

Ceannasaí Léiriúcháin, Telegael Teo

John Waters

Údar agus Iriseoir

Tionóladh 11 chruinniú de chuid an Údaráis i rith 2010, agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Bob Collins (Cathaoirleach)	11
Larry Bass*	10
Paula Downey	10
An tOllamh Colum Kenny*	10
Michelle McShortall	9
Dr. Maria Maloney	8
Michael Moriarty*	9
Siobhán Ní Ghadhra*	8
John Waters	11

**i mí Feabhra 2010 a ceapadh é/í*

An Coiste Um Dheonú Conarthaí:

Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí. Cheap an Rialtas ceathrar díobh sin tar éis don Aire iad a ainmniú. Rinne an tÚdarás na ceithre cheapachán eile – beirt chomhaltaí den Údarás mar aon le beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannas an BAI.

Siobhán Bourke
(Cathaoirleach)

Stiúrthóir de chuid Saffron Pictures agus Institiúid Téatair na hÉireann

David Barniville, Abhcóide Sinsearach

Abhcóide

Neil Leyden

Cathaoirleach Fhóram na Meán Digiteach

Eimear McGovern

Príomhoifigeach Airgeadais Thirdforce plc.

Ainmnithe an Údaráis:
Michael Moriarty
An tOllamh Colum Kenny

Ainmnithe fhoireann an BAI:
Celene Craig
Anne O'Brien

Sé chruinniú a bhí ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí i rith 2010.

Cruinnithe a rabhthas i láthair acu

Comhalta den Choiste	Cruinnithe a rabhthas i láthair acu in 2010
Siobhán Burke (Cathaoirleach)	6
David Barnville, Abhcóide Sinsearach	6
Neil Leyden	6
Eimear McGovern	6
Paula Downey	0 (Cuireadh comhalta nua ina hionad i mí an Aibreáin 2010)
An tOllamh Colum Kenny	3 (I mí an Aibreáin 2010 a ceapadh é)
An Dr Maria Moloney	1 (Cuireadh comhalta nua ina hionad i mí an Aibreáin 2010)
Michael Moriarty	4 (I mí an Aibreáin 2010 a ceapadh é)
Celene Craig	4 (I mí an Aibreáin 2010 a ceapadh í)
Anne O'Brien	4
Neil O'Brien	2 (Cuireadh comhalta nua ina ionad i mí an Aibreáin 2010)

An Coiste um Chomhlíonadh:

Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste um Chomhlíonadh. Cheap an Rialtas ceathrar díobh sin tar éis don Aire iad a ainmniú. Is éard atá sna ceithre cheapachán eile beirt chomhaltaí den Údarás mar aon le beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannas an BAI.

An tOllamh Chris Morash (Cathaoirleach)

Ceann Scoil Léann an Bhéarla, na Meán agus na hAmharclannaíochta in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, áit ar bhunaigh sé an tIonad um Léann na Meán

Aidine O'Reilly

Stiúrthóir Bainistíochta Real Event Solutions

Edel Hackett

Comhairleach Cumarsáide

Paula Mullooly

Comhpháirtí in Simon McAleese, Dlíodóirí

Ainmnithe an Údaráis:
John Waters
Paula Downey

Ainmnithe fhoireann an BAI:
An Dr Ciarán Kissane
Neil O'Brien

10 gcruinniú den Choiste um Chomhlíonadh a tionóladh i rith 2010, agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

Cruinnithe a rabhthas i láthair acu

Comhalta den Choiste	Cruinnithe a rabhthas i láthair acu in 2010
An tOllamh Chris Morash (Cathaoirleach)	10
Michelle Mc Shortall* (cuireadh comhalta nua ina hionad i mí an Aibreáin)	3
John Waters	8
Paula Downey* (i mí an Aibreáin a ceapadh í)	3
Aidine O'Reilly	9
Edel Hackett	9
Ms. Paula Mullooly* (i mí an Mhárta a ceapadh í)	8
Celene Craig* (cuireadh comhalta nua ina hionad i mí an Mhárta)	3
An Dr Ciarán Kissane	9
Neil O'Brien* (i mí an Mhárta a ceapadh é)	7

Struchtúr Eagraíochtúil agus Foireann an BAI.

30 comhalta foirne lánaimseartha agus 7 gcomhalta foirne pháirtaimseartha atá ar fhoireann Fheidhmeannas an BAI. Léirítear struchtúr eagraíochtúil an Fheidhmeannais sa léaráid seo a leanas:



Tugann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh treoir d'obair an Údaráis agus tugann foireann bainistíochta straitéisí tacaíocht don obair sin. Struchtúr maitríse atá á fheidhmiú ag an BAI. Oibríonn an fhoireann ar shlí sholúbtha i réimsí gníomhaíochta uile na heagraíochta de réir mar a bhíonn cruóg ghnó ann. Dá bharr seo, is féidir na hacmhainní foirne a chur i mbun oibre ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil san áit a mbíonn gá leo.

Tá liosta thíos de na comhaltaí foirne go léir:

Comhaltaí an Fheidhmeannais:

Oifig an Phríomh-fheidhmeannaigh:	Michael O'Keeffe Príomhfheidhmeannach Celene Craig Leas-Phríomhfheidhmeannach
Bainisteoirí Sinsearacha:	Stephanie Comey, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Ciarán Kissane, Margaret Tumelty
Bainisteoirí:	Diarmaid Breathnach, Aoife Clabby, Brian Furey, Sally Kennedy, Declan Mc Loughlin, Clare O'Sullivan, Ruth-Blandina Quinn, Andrew Robinson, Roger Woods
Comhaltaí Foirne Feidhmiúcháin agus Tacaíocht Chléireachais:	Jill Caulfield, Rachel Casey, Gillian Collins, Philip Cooper, Jean Crampton, Tim Flynn, Teresa Kearns, Patricia Kelly, Joanna Laskowska, Louise Mc Loughlin, Marie Murphy, Sinead Owens, Jessica Scott, Sarah Traynor
Comhaltaí Foirne Faireacháin:	Barry Casey, Simon Conneally, Andrea Leonard, Deborah Molloy, Fionnuala Murphy, Annette Stone, Jeanne Spillane

Réamhrá an Chathaoirligh

Ba í 2010 an chéad bhliain iomlán ag Údarás Craolacháin na hÉireann ar an bhfód agus, gan ach cúpla mí den bhliain caite, cuireadh bailchríoch ar bhallraíocht iomlán an Údaráis nuair a ceapadh an ceathrar comhaltaí a d'ainmnigh an Comhchoiste Oireachtais roimhe sin. Sna míonna tosaigh a raibh an tÚdarás ar an saol, bhí an chéad chúigear comhaltaí de chuid an Údaráis idir dhá thine Bhealtaine ar shlí – thuig siad go raibh dualgas reachtúil orthu beart a dhéanamh, ach theastaigh uathu freisin deimhin a dhéanamh de go mbeadh fáil ar an mballraíocht iomlán a samhlaíodh faoin dlí chun ceisteanna ar bhain tábhacht straitéiseach leo a chinneadh. Measaim gur éirigh linn an dá thrá a fhreastal. Chuaigh na coistí reachtúla i dtaca le Comhlíonadh agus Deonú Conarthaí, faoi seach, i mbun feidhmiú go hiomlán i rith na bliana. Chuaigh siad i ngleic ar a mbealaí féin leis na freagrachtaí atá leagtha orthu de réir an dlí reachtúil.

I mo réamhrá sa tuarascáil a bhain leis an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2009, luaigh mé an bhuairt a bhí ann de bharr a laghad dul chun cinn a bhí á dhéanamh i gcás an DTT tráchtála. Géaraíodh ar an mbuairt sin sa tréimhse atá faoi chaibidil anseo agus, ainneoin dhícheall an Údaráis agus an Fheidhmeannais, níorbh fhéidir aon dul chun cinn a dhéanamh. Ó tharla go raibh an chaibidlíocht idir an dá pháirtí i sáinn, bhí díomá ar an Údarás nárbh fhéidir leis an dá pháirtí sin glacadh leis an iarracht a rinne sé iad a spreagadh chun glacadh le próiseas eadrána. De bhrí nárbh fhéidir leis an iarratasóir a chur ina luí ar an BAI go bhféadfadh sé tabhairt faoi sholáthar na seirbhíse a bhí le cur ar fáil aige faoin gconradh a bhí aige leis an Údarás, mheas an tÚdarás nach raibh de rogha aige ach an conradh a tharraingt siar ón iarratasóir. An t-aon iarratasóir a bhí fanta, níor ghlac sé leis an gcuireadh a tugadh dó páirt a ghlacadh sa tionscadal.

Bhí an-díomá go deo ar an Údarás nach mbeadh DTT tráchtála ina chuid dhílis den fhorbairt nua ón tús. Chuir an tÚdarás a chuid tuairimí láidre in iúl don Aire maidir le forbairt DTT amach anseo, ar a n-áirítear an tuairim láidir atá aige go gcaithfear slí a chur ar fáil trína mbeidh ceangal foirmiúil, reachtúil aige leis an soláthróir líonra agus leis an gconraitheoir araon.

Níos deireanaí sa bhliain, d'iarr an tAire ar an BAI measúnú ar thionchar ar an earnáil a dhéanamh i dtaca leis na tograí ó RTÉ i dtaobh seirbhísí digiteacha; thug an BAI freagra dearfach ar iarratas an Aire – cuireadh an measúnú i gcrích agus bhí ionchur ag an eagraíocht freisin i measúnú an Aire ar an luach ar airgead a bhain leis na tograí sin. Cé go gcuireann an tÚdarás fáilte roimh an dul chun cinn a rinneadh ina dhiaidh sin i dtreo lainseáil na n-ilphléacsanna Seirbhíse Poiblí atá á bhfeidhmiú ag RTÉ, is é tuairim an Údaráis i gcónaí gur cheart tabhairt an athuair faoi thoise thráchtála a thabhairt isteach sna seirbhísí digiteacha a chuirfear ar fáil don lucht féachana, agus gur bealach tábhachtach é sin chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh ilchineálacht foinsí cláir ann agus go spreagfar tuilleadh lánais de chineálacha éagsúla arna dhéanamh in Éirinn.

Ar na tascanna atá leagtha amach don Údarás sa reachtaíocht tá ullmhú Ráiteas Straitéise agus Ráiteas Seirbhísí Craolacháin. Ní féidir a rá nach bhfuil sna tascanna sin ach mionchúraimí chun slacht a chur ar phointí riaracháin. Tá siad ar chuid de na cinntí fadtréimhseacha is tábhachtaí a dhéanfaidh an tÚdarás reatha. Cuireadh bailchríoch i mí na Nollag ar fhorbairt an Ráitis Straitéise don tréimhse 2011-2013 agus ba dheis a bhí ann don Údarás ráiteas glan soiléir a dhéanamh faoina chur chuige i leith a chuid freagrachtaí,

faoin dearcadh atá aige ar thábhacht an chraolacháin ó thaobh cúrsaí sóisialta agus cultúir de sa tsochaí, faoina dhílseacht don chuspóir poiblí atá ag an gcraolachán go léir, agus faoina dhiongbháilteacht go mbeidh iolracht soláthróirí agus ilchineálacht lánais i gcroílár fhorbairt an chraolacháin. Bhí tús curtha leis an obair ar leibhéal feidhmeannais ar an Ráiteas Seirbhísí Craolacháin ina leagfar amach na seirbhísí éagsúla (le cois na seirbhísí craolacháin phoiblí) a mheasann an tÚdarás atá oiriúnach d'Éirinn.

Tá tuiscint rímhaith ag an Údarás i gcónaí ar an timpeallacht eacnamaíoch agus an chaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar gach uile chraoltóir. Tá an-mholadh go deo dlite do chraoltóirí poiblí agus tráchtála i ngeall ar an gcaoi nuálach, shamhlaíoch a ndeachaigh siad i ngleic leis an gcúlú eacnamaíoch – iad ag déanamh deimhin de go bhfuil leanúnachas seirbhísí ann don lucht éisteachta/féachana agus ag déileáil, i gcásanna áirithe, le laghduithe móra ar a n-ioncam. Cé gurb é a thuairim dhaingean nach iad na cúinsí reatha a shocróidh an cur chuige fadtréimhseach a bheidh aige, ghníomhaigh an tÚdarás ar bhealach báúil le roinnt craoltóirí nuair a cheadaigh sé bearta a chuidigh leis na craoltóirí sin teacht slán ón gcruachás ina raibh siad. Sa mhéid go raibh athruithe ar na gealltanais a thug na craoltóirí i dtaobh clár i gceist sna bearta sin, is bearta sealadacha iad agus déanfar athbhreithniú rialta orthu ionas go bhfillfear ar na seirbhísí iomlána a luaithe is féidir.

Tuigeann an BAI freisin go bhfuil freagrachtaí dá chuid féin air agus tá sé tar éis a airgeadas féin a bhainistiú go stuama agus go cóir. Bhí an tÚdarás an-bhuíoch as an mbealach freagrach inar ghníomhaigh craoltóirí i leith na socruithe i dtaobh cistiú tobhaigh atá leagtha síos le hAcht 2009. I ngach cás, beagnach, rinneadh na híocaíochtaí go hiomlán agus in am. I gcomhréir le riachtanais an dlí, d'ullmhaigh an tÚdarás buiséad trí bliana agus tá léiriú ansin ar an gcur chuige cúramach atá aige i dtaobh caiteachais. Bheadh faillí á déanamh mura luafaí go raibh iarmhairtí ann de bharr na moratóire ar earcaíocht; ní raibh ar chumas an Údaráis leas a bhaint as na scileanna éagsúla is gá chun déileáil i gceart leis na freagrachtaí nua a chuireann an reachtaíocht ar an BAI.

Sa bhliain atá faoi chaibidil, cuireadh tús le caidreamh gníomhach an Údaráis leis an dá chraoltóir seirbhíse poiblí, RTÉ agus TG4, maidir leis an athbhreithniú ar a Ráitis Ghealltanas agus maidir leis an meastóireacht ar leordhóthanacht an chistithe phoiblí a fhaigheann siad. Leanfaidh an ról reachtúil seo de bheith ina chuid leanúnach, dhílis d'obair an Údaráis agus, de bharr an chomhpháirteachais tosaigh idir na dreamanna éagsúla, ba cheart go mbeadh bonn láidir oibre ann don am atá romhainn. Tá sé ar cheann de na freagrachtaí ríthábhachtacha a cuireadh ar an Údarás agus is bealach luachmhar é ag na craoltóirí poiblí le go leagfaidís amach a gcuid gealltanas, an méid atá bainte amach acu, agus a gcuid tuairimí ar an dreach a bheidh ar a gcuid riachtanais chistiúcháin amach anseo.

Is é Ciste Sound and Vision an sciar sin den ioncam ón gceadúnas teilifíse a bhfuil an BAI freagrach as. Ba thionscnamh an-tábhachtach é nuair a thug an Rialtas isteach é in 2002 agus, ainneoin na dtuairimí éagsúla a bhí ann ina thaobh an t-am sin, is beag amhras atá anois ann faoi éifeacht na scéime agus í á cur i bhfeidhm Rinneadh scoth na gclár raidió agus teilifíse de chineálacha éagsúla dá thoradh. Is iad na léiritheoirí neamhspleácha, seachas na craoltóirí (cé is moite den earnáil phobail), a fhaigheann bunáite mór an airgid ach déantar a gcuid sceideal – agus an sásamh a bhaineann an lucht éisteachta/féachana

as na sceidil sin – a fheabhsú go mór de bharr aschur na léiritheoirí neamhspleácha: an dream a spreagann agus a gcothaíonn an ciste a gcuid oibre. Is cuid é an ciste den mhuirear a ghearrtar ar gach líon tí sa Stát; tá sé ceart agus cóir go dtabharfaí ar ais do na líonta tí sin é tríd an lánas ilchineálach clár a bhfuil teacht acu air de bharr an chiste. Is gearr go gcuirfidh an tÚdarás tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar fheidhmiú na scéime, faoi réir dhlí na hÉireann agus na ndisciplíní Eorpacha a bhfuil an scéim faoina scáth.

Bhí na nithe seo a leanas ar chuid de na réimsí tábhachtacha eile ar dhéileáil an BAI leo sa chéad bhliain iomlán aige: athrú ar uasteorainneacha fógraíochta le haghaidh craoltóirí teilifíse tráchtála; foilsiú réamhrialacha i dtaca le suíomh táirgí; tús a bheith curtha le hathbhreithniú cuimsitheach ar fhógraíocht agus ar chumarsáidí tráchtála eile a bhíonn dírithe ar pháistí; agus treoir a ullmhú maidir leis an bhformáid a bheidh ar Chód Cóirthrádála – treoir a threoróidh an caidreamh idir craoltóirí seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha.

Tá tábhacht leis an obair sin go léir. Beidh tionchar aige ar fad, ar shlí amháin nó ar shlí eile, ar na seirbhísí a bheidh ar fáil don lucht éisteachta/féachana in Éirinn. Agus é ag tabhairt faoina chuid oibre, leanfaidh an tÚdarás de thimpeallacht rialála a chur ar fáil atá cóir agus a mbaineann fócas straitéiseach léi; tabharfaidh sé deimhniú don phobal i dtaobh a gcuid oibleagáidí a bheith á gcomhlíonadh ag craoltóirí agus i dtaobh na bpróiseas trína ndeonaítear conarthaí; agus beidh an dílseacht do leas an phobail dá bhfónann ina buntreoir i gcónaí aige.

Bob Collins
Cathaoirleach

Súil Siar ón bPríomhfheidhmeannach.

Tar éis bhunú an Údaráis i mí Dheireadh Fómhair 2009, ba é an cúram ba mhó don chuid eile den bhliain sin córais a bhunú agus a chur faoi shiúl, agus béim ar leith ar na bunriachtanais airgeadais agus rialachais chorparáidigh. Ba í 2010 an chéad bhliain iomlán a raibh an tÚdarás agus a Choistí Reachtúla i mbun feidhmiúcháin, agus ba bhliain an-chruógach í i réimsí ilchineálacha éagsúla.

Tugtar cuntas sa tuarascáil agus sna cuntais seo ar ghníomhaíochtaí an BAI i gcaitheamh 2010. Tugadh faoi chlár oibre leathan le haghaidh na bliana; de bharr fhorfheidhmiú na bhfeidhmeanna reachtúla nua, cuimsíodh lear fairsing gníomhaíochtaí i dtaca le polasaí, comhlíonadh agus deonú conarthaí, agus leanadh den bhéim atá ar rialachas airgeadais agus corparáideach chun deimhin a dhéanamh de gur fheidhmigh an tÚdarás agus a Choistí ar bhealach éifeachtach. Chuir an tÚdarás béim ar leith ina chuid gníomhaíochtaí go léir ar an rannpháirteachas ba mhó ab fhéidir a bheith ann le páirtithe leasmhara.

Ceapadh ceathrar Comhaltaí nua ar an Údarás i mí an Mhárta agus bhí an chéad chruinniú ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí i mí Eanáir. Rinneadh obair thábhachtach i dtús na bliana ar réimse an rialachais chorparáidigh; áiríodh ar an obair sin forbairt a dhéanamh ar chreat agus plean forfheidhmiúcháin um bainistiú riosca mar aon le ceardlanna a chur ar fáil do Chomhaltaí an Údaráis agus na gCoistí ar a ndualgais agus a bhfreagrachtaí i réimse an rialachais.

San obair feidhmiúcháin, lean an tÚdarás de na polasaithe agus na nósanna imeachta riachtanacha a chur sa siúl ionas go mbeadh an BAI féinchistitheach. Forfheidhmíodh Scéim Tobhaigh an BAI i dtús 2010 agus rinne an tÚdarás deimhin de go raibh próisis agus nósanna imeachta soiléire buiséadúcháin i bhfeidhm chun go gcruthófaí réamhaisnéisí caiteachais atá iontaofa, cruinn agus follasach. Mórphíosa oibre sa réimse seo a chuimsigh an BAI, an BCI agus an Scéim um Chistiú Craolacháin ba ea tabhairt i gcrích trí cinn de ráitis airgeadais ar leith don bhliain 2009.

An ghníomhaíocht ba thábhachtaí ar tugadh fúithi i rith na bliana ba ea forbairt Ráiteas Straitéise trí bliana an BAI. Is éard atá sa doiciméad sin, a tugadh i gcrích i mí na Nollag, cuntas ar na nithe a theastaíonn ón Údarás a bhaint amach as seo go ceann trí bliana. Is é an tosaíocht atá ann deimhin a dhéanamh de go mbeidh lánas nuálach, dúchasach ar ardchaighdeán ar fáil do lucht éisteachta agus féachana na hÉireann. Leagtar amach sa Straitéis misean an BAI – an timpeallacht chraolacháin a rialáil, a mhúnlú agus a chothú, ionas go léireofar sa chraolachán an ilchineálacht agus an daonlathas a bhaineann le hÉirinn. Leagtar amach sa Straitéis freisin spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha éagsúla a bheidh le baint amach le linn don Straitéis a bheith i bhfeidhm. Múnlófar leis na spriocanna agus na cuspóirí sin pleananna oibre bliantúla le haghaidh na heagraíochta.

Ceann de phríomhthosaíochtaí na bliana 2010 ba ea cóid agus rialacha nua de chineálacha éagsúla a fhorbairt agus a athmheas. I mí na Bealtaine, thug an BAI éifeacht dlí don riachtanas na rialacháin nua Eorpacha atá sa Treoir um Sheirbhísí Meáin Chlosamhairc a thrasuíomh i nDlí na hÉireann; rinneadh é sin trí chóid athbhreithnithe um Chumarsáidí Tráchtála Ginearálta agus um Chumarsáidí Tráchtála do Pháistí a thabhairt isteach. Faomhadh togra go méadófaí na teorainneacha fógraíochta in aghaidh an lae agus na huaire ar an teilifís tráchtála tar éis comhairliúchán poiblí i mí Iúil.

Gné an-tábhachtach eile den Acht is ea gur tugadh réimsí nua freagrachta don BAI i gcomhthéacs na rialála a dhéantar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí. I rith 2010, tugadh dhá mhórphíosa oibre chun críche ina thaobh sin; tugadh chun críche an chéad athbhreithniú ar chistiú poiblí RTÉ agus TG4 araon agus cuireadh tuarascáil mar aon le moltaí faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i mí na Nollag. Ba é an dara mórphíosa oibre gur iarr an tAire go ndéanfaí measúnú ar thionchar ar an earnáil i dtaobh roinnt cainéil nua a mhol RTÉ a bheadh á seoladh ar ilphléacs DTT RTÉ. D'iarr an tAire fosta go ndéanfadh an BAI a ionchur féin a dhéanamh san athbhreithniú ar fhiúntas poiblí na seirbhísí sin. Ba mhór an cúram oibre é sin ó thaobh acmhainní agus cruóg ama de.

Lean an BAI de dheontais a dheonú do chraoltóirí agus do léiritheoirí neamhspleácha faoin Scéim Sound & Vision. Méadaíodh luach bliantúil an chiste go dtí 7% de tháille an Cheadúnais Teilifíse, agus is ionann é sin agus beagán faoi bhun €14 mhilliún sa bhliain. Cláir a tháinig as an scéim seo, fuair siad ardmholadh ón lucht éisteachta/féachana agus ó léirmheastóirí arís mar a fuair blianta eile.

Bhí cúrsaí ciúin go leor in 2010 ó thaobh ceadúnúcháin de, ach tiocfaidh athrú air seo in 2011 nuair a fhorbrófar an Straitéis Seirbhísí Craolacháin agus an plean ceadúnúcháin a éireoidh as sin. Tharla gníomhaíochtaí i réimse an athrúcháin agus an mhodhnúcháin ar chonarthaí, go mór mór i dtaca le clársceidealú agus úinéireacht agus rialú.

D'fhorfheidhmigh an BAI córas faireacháin, comhlíonta agus gearán le haghaidh chraolachán na hÉireann, i gcomhréir le forálacha an Achta. Rinneadh é seo tríd an obair a rinne an Coiste um Chomhlíonadh agus an Feidhmeannas in éineacht, mar a mhínítear sa tuarascáil seo. Leanadh i gcaitheamh 2010 den obair ar fhorbairt na hearnála trí urraíocht, taighde agus scéimeanna tacaíochta don chraolachán pobail, mar aon leis an gcistiú leanúnach a rinneadh ar líonraí a bhaineann leis an réimse sin.

Leanann an BAI den ról lárnach atá aige sa phróiseas a bhaineann leis an athrú ón teilifís analógach go dtí an teilifís dhigiteach in Éirinn. Cé gurbh údar díomá an chaoi ar chríochnaigh an tionscadal DTT tráchtála, agus gan aon cheann de na hiarratasóirí in ann conarthaí a thabhairt i gcrích ar chúiseanna éagsúla, d'oibrigh an BAI go dlúth leis an ngrúpa stiúrtha a bhunaigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nadúrtha sa réimse seo. Ba phríomhchuspóirí iad ilphléacs saorchraolta a bheadh á oibriú ag RTÉ a bheith bunaithe in 2011 agus an teilifís analógach a bheith á múchadh in 2012, agus cuireadh chun cinn go mór na phríomhchuspóirí sin. Leanadh in 2010 de na cruinnithe le grúpa na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann um múchadh an chórais analógaigh ("ASO"); ceaptar go ngéarófar tuilleadh fós ar na cruinnithe sin ar feadh 2011 agus muid ag teannadh i ngar don ASO atá le tarlú i mí Dheireadh Fómhair 2012 i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon.

Ní bheadh cuspóirí an BAI bainte amach in 2010 murach an tacaíocht láidir a fuarthas ón bhFeidhmeannas agus ó fhoireann na heagraíochta. Fearacht a lán comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, tá laghdú tagtha ar na hacmhainní atá ar fáil don eagraíocht agus, go deimhin, is lú anois an líon foirne atá againn ná mar a bhí ag an BCI (nach raibh an oiread freagrachtaí reachtúla air). Chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo, leanann an eagraíocht de struchtúr maitríse a fheidhmiú – tá an bhéim ar na próisis agus na nósanna imeachta inmheánacha a fheabhsú le gur féidir linn úsáid a bhaint as na hacmhainní atá againn le barr éifeachta. Áiríodh air sin an fhorbairt a rinneadh ar straitéis teicneolaíocht faisnéise inar díríodh go háirithe ar éifeachtaí a thabhairt i gcrích san úsáid a bhaintear as acmhainní foirne; cuireadh tús le tabhairt i gcrích na feidhme sin in 2011. Tugann an BAI a thacaíocht láidir freisin d'fhorfheidhmiú Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh (An Comhaontú um an tSeirbhís Phoiblí 2010 – 2014) i dtaca le bunathrú na seirbhíse poiblí chun feabhais.

Gabhaim mo bhuíochas leis an bhfoireann agus leis an bhFeidhmeannas as a dtacaíocht agus a ndíograis gan staonadh agus iad ag oibriú i dtreo cuspóirí eagraíochtúla an BAI a bhaint amach. Tá comaoin mhór curtha acu orainn.

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

Gníomhaíochtaí i dtaca le Polasaí agus Cóid & Caighdeáin, ar a n-áirítear tuarascáil ag an Údarás ar chomhlíonadh a fheidhmeanna.

An tÚdarás

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú ag BAI; áirítear air sin treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Sular cuireadh bailchríoch ar a chéad Ráiteas Straitéise, ghlac an tÚdarás cuspóirí straitéiseacha éagsúla le haghaidh 2010; ba léiriú iad sin ar fheidhmeanna, dualgais agus oibleagáidí éagsúla na heagraíochta.

Cuid dhílis de ról na heagraíochta is ea forbairt polasaí. Áirítear ar na feidhmeanna is tábhachtaí ina thaobh seo ullmhú **Straitéis Seirbhísí Craolacháin**, forbairt agus forfheidhmiú **Cód agus Rialacha** um chaighdeáin sa chraolachán (cumarsáidí cláir agus tráchtála araon), agus ullmhú agus forfheidhmiú scéimeanna chun cistí a dheonú faoin **Scéim um Chistiú Craolacháin**. Cuid ríthábhachtach de ról an Údaráis faoi reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa is ea infheistíocht phoiblí sa **chraolachán seirbhíse poiblí** a chosaint trí mhéadú agus láidriú a dhéanamh ar thrédhearcacht agus cuntasacht na gcraoltóirí seirbhíse poiblí sa tslí ina mbaineann siad úsáid as cistí poiblí.

Tugadh a líon iomlán comhaltaí don Údarás i mí Feabhra 2010 nuair a cheap an Rialtas ceathrar comhaltaí tar éis don Aire iad a ainmniú agus ag féachaint do chomhairle an Chomhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Aon chruinniú dhéag a bhí ag an Údarás sa tréimhse atá faoi chaibidil, tar éis dó nósanna imeachta a aontú le haghaidh rialáil a chuid cruinnithe nuair a glacadh buanorduithe.

Bhí siad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí ba thábhachtaí a cuireadh i gcrích in 2010: **Ráiteas Straitéise an BAI 2011-2013**; gníomhaíochtaí éagsúla maidir le **craolachán seirbhíse poiblí**; trasuíomh codanna de **Threoir an AE um Sheirbhísí Meáin Chlosamhairc (AVMS)**; athbhreithniú ar theorainneacha fógraíochta in aghaidh an lae agus na huaire; **Scéim Ceart Freagartha** reachtúil a dhréachtú; agus Cód um Thuairisciú Toghchán.

Rinne an tÚdarás socrú i dtaobh mhaoiniú na heagraíochta trí **Ordú Tobhaigh** reachtúil a ghlacadh. Leagadh béim faoi leith sa tréimhse seo freisin ar pholasaithe agus nósanna imeachta nua um bainistíocht airgeadais agus rialachas corparáideach a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú; bunaíodh an **Ciste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca** mar bheart riachtanach chun cuspóirí an Údaráis ina thaobh sin a bhaint amach.

Ráiteas Straitéise 2011-2013

Sa dara leath de 2010, agus i gcomhréir le forálacha reachtúla, cuireadh bailchríoch ar Ráiteas Straitéise an BAI. Bunaíodh an obair ar ghníomhaíochtaí éagsúla, ar a n-áirítear comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú timpeallachta a choimisiúnaigh an tÚdarás agus a chuir Athena Media i gcrích.

Leagtar amach sa Ráiteas an méid is mian leis an Údarás a thabhairt i gcrích sa tréimhse trí bliana a chuimsítear sa Ráiteas; is é an mhóraidhm atá ann deimhin a dhéanamh de go mbeidh lánas dúchasach, nuálach den scoth ar fáil do lucht éisteachta/féachana na hÉireann ina léirítear an nádúr daonlathach a bhaineann le sochaí na hÉireann. Tá misean, fís agus luachanna oibriúcháin an BAI le sonrú sna hocht gcuspóir straitéiseacha i gcomhair na tréimhse; tugann siad sin fócas don eagraíocht agus í ag fónamh do shochaí na hÉireann tríd an timpeallacht chraolacháin a rialáil, a mhúnlú agus a chothú.

CRAOLACHÁN SEIRBHÍSE POIBLÍ

Bliain thábhachtach ba ea 2010 ag an BAI ó thaobh réimsí nua freagrachta a fhorfheidhmiú sa rialáil a dhéantar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí. Ba ghníomhaíochtaí móra iad sin ag an BAI ó thaobh an méid ama agus an méid acmhainní a bhí de dhíth le haghaidh na hoibre.

Athbhreithnithe ar Chistiú Poiblí

Chuir an tÚdarás i gcrích na chéad athbhreithnithe ar a mhéad a chomhlíon an dá chraoltóir seirbhíse poiblí (RTÉ agus TG4) a gcuid gealltanas i dtaca lena gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí agus ar leordhóthanacht an chistiúcháin phoiblí le haghaidh an dá chraoltóir. Chuir an tÚdarás a thuarascáil agus a mholtaí faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2010.

Measúnuithe ar Thionchar ar an Earnáil

Tar éis don Aire a leithéid a iarraidh ar an BAI in 2010, thug an BAI faoi mheasúnuithe éagsúla ar thionchar ar an earnáil i dtaca le ceithre chainéal nua a mhol RTÉ a d'iomprófaí ar ilphléacs DTT an chraoltóra sin. Chuaigh an tAire i gcomhairle freisin leis an BAI i dtaca leis an luach poiblí a bhain le tograí RTÉ, sula ndearna sé cinneadh deiridh i dtaobh na seirbhísí sin. Tugadh obair an Aire ina thaobh sin i gcrích agus d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha na cinntí a d'éirigh as an obair sin i mí na Nollag 2010.

Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta

I gcomhlíonadh a n-oibleagáide reachtúla faoi alt 102 den Acht, chuaigh RTÉ agus TG4 araon i gcomhairle leis an BAI i dtaca lena Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta don bhliain 2010. D'éascaigh an BAI athbhreithniú ar na ráitis sin agus thug sé freagra foirmiúil ar na craoltóirí. Rinne an Feidhmeannas agus an tÚdarás obair chun treoirlínte a chur le chéile le haghaidh craoltóirí seirbhíse poiblí i ndáil le próiseas na Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta. Leanadh den obair sin in 2011.

Treoir maidir leis an bhFormáid a Bheadh ar Chód Cleachtais Cóirthrádála

Faoi alt 12 den Acht, tá dualgas ar an BAI treoir a eisiúint do chraoltóirí seirbhíse poiblí maidir leis an bhformáid ba chóir a bheith ar chód cleachtais cóirthrádála a bhainfeadh le bunábhar clár a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. I gcomhréir le forálacha reachtúla, chuir an tÚdarás tús in 2010 le comhairliúchán fairsing, casta leis na páirtithe leasmhara a bhain leis an gceist seo. Leanadh den phróiseas seo in 2011.

Ráitis um Sheirbhís Phoiblí

Ghníomhaigh an BAI i leith comhairliúcháin de chuid an Aire maidir leis na Ráitis um Sheirbhís Phoiblí de chuid RTÉ agus TG4 i mí Dheireadh Fómhair 2010. Cuireadh an aighneacht freagartha chuig an Aire lena bhreithniú.

CÓID AGUS CAIGHDEÁIN

Chomh maith leis an obair mhór a rinneadh i réimse an chraolacháin seirbhíse poiblí in 2010, rinne an BAI obair freisin ar Threoir an AE um Sheirbhísí Meáin Chlosamhairc agus chuir sé comhairliúcháin éagsúla i gcrích.

An Treoir um Sheirbhísí Meáin Chlosamhairc ("Treoir AVMS") a Fhorfheidhmiú

In 2010, i gcomhréir le hoibleagáidí an BAI faoin reachtaíocht, d'éascaigh an BAI trasuíomh na gcodanna sin den Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc a bhain le cumarsáidí tráchtála. Tháinig an Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála agus an Cód um Chumarsáidí Tráchtála do Pháistí in ionad Chód Fógraíochta Ginearálta an BCI agus Chód Fógraíochta do Pháistí an BCI faoi seach. Léirítear sna cóid nua roinnt gnéithe éagsúla de Threoir AVMS – Treoir a gcaithfidh gach uile sheirbhís teilifíse déanamh dá réir. Gné thábhachtach den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála in 2010 ba ea gur tugadh isteach rialacha lena gceadaítear suíomh táirgí (neamhíoctha) ar an teilifís i gcúinsí ar leith. Tá toirmeasc i gcónaí ar shuíomh táirgí ar bhonn íoctha, cé gur thogair an tÚdarás an toirmeasc a athbhreithniú laistigh de 12 mhí.

An Grúpa Seirbhísí Closamhairc Ar Éileamh "ODAS"

Le hIonstraim Reachtúil 258 de 2010 dar teideal "Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Meán Closamhairc) 2010, tugadh éifeacht do thrasuíomh codanna den Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc a bhaineann le seirbhísí closamhairc ar éileamh.

Foráiltear leis an I.R. sin go ndéanfaidh soláthróirí seirbhísí meáin chlosamhairc ar éileamh, i gcomhar leis an BAI agus le comhlachtaí ábhartha eile, cóid iompair a fhorbairt le haghaidh seirbhísí meáin chlosamhairc ar éileamh; foráiltear leis an I.R. sin fosta go gcaithfidh an BAI aon Chód Iompair beartaithe a fhaomhadh.

Ionas go gcomhlíonfaí ceanglais na hIonstraime Reachtúla, bunaíodh an Grúpa Seirbhísí Closamhairc ar Éileamh ("ODAS"). Áirítear ar chomhaltaí an ghrúpa comhlachtaí ionadaitheacha de chuid thionscal na fógraíochta, craoltóirí, cuideachtaí teileachumarsáide agus soláthróirí seirbhíse ar éileamh eile. Chuir ODAS cóip dá ndréacht-Chód Iompair faoi bhráid an BAI, agus rinneadh an dréacht-Chód sin a bhreithniú agus a fhaomhadh i mí Lúnasa 2010.

Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta (Amanna in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire)

I mí Iúil 2010, reáchtáil an BAI comhairliúchán poiblí agus é ag moladh go méadófaí na teorainneacha ama in aghaidh an lae agus na huaire a bhaineann le seirbhísí teilifíse tráchtála neamhspleácha (e.g. TV3, Setanta Ireland agus City Channel); de thoradh an chomhairliúcháin sin, leasaíodh na Rialacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta (Amanna in aghaidh an Lae agus in aghaidh na hUaire).

Méadaíodh an t-uasmhéid fógraíochta a cheadaítear ar na seirbhísí sin faoi na rialacha leasaithe ó 10 nóiméad go 12 nóiméad san uair agus ó 15% in aghaidh an lae go 18% in aghaidh an lae. Mar sin féin, leis na rialacha cuirtear teorainn 10 nóiméad san uair ar an méid fógraíochta a cheadaítear le linn do chláir do pháistí a bheith á gcraoladh. Tar éis dó a bhreithniú grinn a dhéanamh ar an gcás, thogair an BAI go gcuideofaí leis na craoltóirí seo leanúint de chláir den scoth a chur ar fáil do lucht féachana na hÉireann dá méadófaí an méid fógraíochta a cheadaítear dóibh.

Cód Craolacháin an BAI maidir le Tuairisciú Toghchán

I mí na Nollag, d'eisigh an BAI dréacht-Chód Craolacháin an BAI maidir le Tuairisciú Toghchán; moladh ann caighdeáin de chineálacha éagsúla a chaithfidh craoltóirí na hÉireann a chomhlíonadh agus iad ag tuairisciú aon toghcháin i bPoblacht na hÉireann, ar a n-áirítear toghcháin áitiúla, toghcháin Eorpacha agus Olltoghcháin.

An Scéim Cead Freagartha

Tá Cead Freagartha, mar atá leagtha amach san Acht faoi alt 49, ann chun gur féidir fíricí míchearta nó eolas mícheart a cheartú i gcás fíricí nó eolais a craoladh i dtaobh duine, nuair atá léiriú na bhfíricí míchearta nó an eolais mhíchirt sin tar éis dochar a dhéanamh d'oineach nó do chlú an duine sin. Rinne an tÚdarás dréacht-Scéim Cead Freagartha, a samhlaíodh faoin reachtaíocht, a fhaomhadh i mí na Nollag 2010, mar ullmhúchán don chomhairliúchán a bhí le reáchtáil ag tús 2011.

Is é cuspóir na Scéime bonn sásúil oibre a thabhairt d'aon duine a bheadh ag iarraidh go gcuirfí i gcrích a c(h)eart go gceartófaí fíricí míchearta nó eolas mícheart, agus sásamh tapa a thabhairt ionas nach gcaithfí tabhairt faoi imeachtaí dlí.

Pleanáil agus Bainistíocht Speictrim don Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) agus do Mhúchadh na Teilifíse Analógaí (ASO)

I rith 2010, d'oibrigh an BAI i gcomhar leis an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) agus le RTÉNL chun deimhin a dhéanamh de go mbaintear úsáid éifeachtach, éifeachtúil as an speictrim i gceadúnú seirbhísí raidió analógaigh agus na Teilifíse Trastíre Digití (DTT), chun Múchadh na Teilifíse Analógaí (ASO) in Éirinn de réir mar atá beartaithe in 2012 a éascú. Bhí an BAI rannpháirteach i gcainteanna teicniúla le gníomhaireachtaí de chuid na Ríochta Aontaithe chun cur chuige coiteann i dtaca le pleanáil FM agus le measúnú ar infeireas minicíocht raidió. Leanadh d'fhorbairt na bpleananna chun minicíochtaí ilphléacsanna DTT a ath-leithdháileadh ar mhaithe leis an díbhinn dhigiteach, agus rinneadh é sin trí chaibidlíocht dhéthaobhach leis na gníomhaireachtaí ábhartha sa Ríocht Aontaithe.

FORBAIRT NA HEARNÁLA

I rith 2010, chinntigh an BAI go mbeadh timpeallacht rialaitheach ann lena n-éascaítear agus lena gcothaítear forbairt earnáil chraolacháin in Éirinn ina dtugtar aird ar riachtanais an lucht féachana / éisteachta, a bhfuil cultúr comhlíonta i dtreis inti agus ina gcothaítear forbairt scileanna.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar fheidhmeanna um fhorbairt na hearnála atá leagtha ar an BAI faoin Acht, cuireadh straitéis agus plean gníomhaíochta le chéile don réimse gníomhaíochta seo le haghaidh 2010. Cheadaigh an tÚdarás €557,000 san iomlán le leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí a raibh imeachtaí, gníomhaíochtaí agus tionscnaimh éagsúla oiliúna agus forbartha i gceist leo, chun cultúr sármhaitheasa san earnáil chraolacháin neamhspleách a chur chun cinn. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí sin urraíocht, taighde agus scéimeanna tacaíochta don chraolachán pobail, mar aon leis an gcistiú leanúnach a rinneadh ar líonraí sa tionscal a bhain leis an réimse sin. Tá na tograí a tháinig as an scrúdú sin le sonrú freisin sna téamaí agus sna cuspóirí a forbraíodh in 2010 i Ráiteas Straitéise an BAI 2011-2013.

Cistiú le haghaidh Líonraí

In 2010, cuireadh cistiú ón BAI ar fáil do sheacht gcinn de líonraí tionscail; €295,000 a cuireadh ar fáil san iomlán chun plean oibre don bhliain arna fhaomhadh ag an BAI a thabhairt i gcrích. Tugadh cistiú do líonraí chun imeachtaí oiliúna agus forbartha a eagrú, agus i gcásanna áirithe, cuireadh cistiú ar fáil le haghaidh chostais oibriúcháin an líonra. Tugadh obair i dtaca le forbairt na Gaeilge i gcrích fosta ag roinnt líonraí mar chuid den chistiú a fuair siad in 2010.

Cuirtear iniúchtaí ar líonraí i gcrích i rith na bliana chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil líonraí a fhaigheann cistiú ón BAI ag comhlíonadh na dtéarmaí a bhaineann lena socruithe cistiúcháin agus go bhfuil siad ag feidhmiú ar bhealach sásúil. Roghnaítear dhá líonra gach bliain lena n-iniúchadh. In 2010, rinneadh iniúchadh ar Learning Waves agus ar Chomhlachas na Léiritheoirí Neamhspleácha Raidió in Éirinn.

Scéimeanna Tacaíochta

In 2010, reáchtáil an BAI an 'Scéim Tacaíochta don Chraolachán Pobail'. Agus iad ag baint leasa as cistiú ón Scéim seo, tig le craoltóirí raidió agus teilifís phobail meastóireacht agus breithniú a dhéanamh ar bhunriachtanais forbartha. Tig le meastóireacht den chineál sin cuidiú le feidhmíocht an stáisiúin agus le hacmhainn na hearnála a neartú. Fuair an BAI ocht n-iarratas ar chistiú le haghaidh meastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha. D'éirigh leis na hocht n-iarratas sin ar fad, ach go raibh roinnt leasuithe le déanamh ar an téacs nó ar an mbuiséad a cuireadh isteach. Dheonaigh Painéal Measúnúcháin cistiú €35,000 do na hiarratasóirí.

Taighde

Gné thábhachtach d'obair an BAI is ea taighde agus aithnítear san Acht an tábhacht atá le taighde ó thaobh an obair sna réimsí uile a threorú agus a phleanáil. Tríd an taighde a dhéanann sé agus a chistíonn sé, tá de chuspóir ag an BAI bonn eolais a chur faoin díospóireacht a dhéantar ar nithe a bhaineann leis an gcraolachán, d'fhonn cinnteoireacht atá bunaithe ar eolas agus ar fhianaise a bheith á déanamh.

In 2010, thacaigh an BAI le tabhairt chun críche agus lainseáil trí cinn de thuarascálacha a d'éirigh as an Scéim Cistiúcháin an BCI don Taighde ar na Meáin, 2009. Lainseáladh dhá thuarascáil díobh sin i mí an Aibreáin, agus lainseáladh an tríú tuarascáil acu i mí an Mheithimh:

- *"Irish broadcasting and the "New Ireland". Mapping and visioning cultural diversity"* leis an Dr Gavan Titley (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad);
- "*Promoting Cultural Diversity in the Irish Broadcasting Sector. An assessment of international standards and best practices*" leis an Dr Tarlach McGonagle (Ollscoil Amstardam);
- *"Drivers of Change? An Assessment of Plurality within Community Radio in Ireland"* leis an Dr Niamh Gaynor.

OIBRÍOCHTAÍ AN BAI

Forbairti Feidhmiúcháin:

Go luath sa bhliain, cuireadh próisis ar bun ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla. Ceapadh Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca. Ar mhaithe le cumarsáid éifeachtach idir an tÚdarás agus na Coistí Reachtúla agus le cuspóirí reachtúla agus straitéiseacha an BAI a thabhairt i gcrích, bunaíodh Fóram ina bhfuil Cathaoirleach an BAI, Cathaoirligh na gcoistí reachtúla agus Príomhfheidhmeannach an BAI.

Acmhainní an BAI a Chur i bhFeidhm agus a Úsáid

An clár athrúcháin a cuireadh i bhfeidhm sna 18 mí dheiridh den BCI/BCC, d'ullmhaigh sé an eagraíocht go maith don athrú go dtí an BAI. Tugadh tionscnaimh nua isteach i rith na tréimhse sin agus cuireadh an-bhéim orthu sin; ina measc sin, bhí an gealltanas go dtabharfaí faoi obair ilréimsiúil, bainistíocht sonraí agus comhad, agus forbairt straitéis teicneolaíocht faisnéise. Rinneadh athbhreithnithe rialta ar feadh na bliana ar imlonnú foirne agus acmhainní eile, chun deimhin a dhéanamh de gur imlonnaíodh acmhainní na heagraíochta ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla ab fhéidir agus ar shlí atá i gcomhréir le cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha an BAI.

Leanadh d'athbhreithniú ar phróisis ghnó in 2010 agus é d'aidhm leis barr éifeachta a bhaint amach san úsáid a bhaintear as acmhainní. Cuireadh béim faoi leith ar réimse na teicneolaíochta faisnéise; cuireadh straitéis agus treochlár le chéile agus bhí bonneagar nua teicneolaíocht faisnéise le cur i bhfeidhm in 2011.

Bainistíocht Páirtithe Leasmhara agus Comhoibriú le Páirtithe Leasmhara

Ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha an BAI a thabhairt i gcrích, rinneadh Plean Bainistíochta Páirtithe Leasmhara a aontú agus a chur i bhfeidhm ar feadh 2010. Aidhm an phlean ba ea caidreamh straitéiseach an BAI lena phríomhpháirtithe leasmhara a chothú agus a fheabhsú, ar bhealach struchtúrtha. Ba cháipéis fhuinniúil an plean, agus rinneadh athbhreithniú leanúnach air ar feadh na bliana.

Leanadh i rith na bliana go léir den chomhoibriú le comhlachtaí craolacháin lasmuigh den Stát; lean an BAI de chaidrimh a bhunú agus a fhorbairt le comhlachtaí craolacháin ábhartha san Eoraip agus go hidirnáisiúnta. Is ar an gcomhoibriú agus ar an tógáil eolais a bhí an bhéim san obair sin.

BAINISTÍOCHT AGUS RIALACHAS AIRGEADAIS

Áiríodh ar chuspóirí na heagraíochta don bhliain 2010 forfheidhmiú cleachtais agus córais chuntasaíochta, airgeadais agus ghnó, ionas go ndéanfaí deimhin de go gcomhlíonfadh an BAI a oibleagáidí reachtúla agus a oibleagáidí rialachais chorparáidigh.

Forfheidhmíodh scéim tobhaigh an BAI go luath in 2010, tar éis don Údarás Ionstraim Reachtúil (Uimh. 7 de 2010) a achtú. Dá bharr seo, rinneadh eagraíocht fhéinchistitheach den BAI, de réir mar a samhlaíodh faoi fhorálacha Acht 2009, ionas gur féidir leis an Údarás a speansais féin a sheasamh mar aon le speansais an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste um Chomhlíonadh.

Chuir an tÚdarás bailchríoch ar thrí cinn de ráitis airgeadais ar leith a rinneadh don BCI, don BAI agus don Scéim um Chistiú Craolacháin, mar aon le réamhaisnéisí buiséid trí bliana don tréimhse 2010-2013.

Reáchtáladh ceardlanna faoi réimse an rialachais do Chomhaltaí an Údaráis agus na gCoistí ag tús 2010. Mar chuid den phróiseas sin, cuireadh oiliúint ionduchtúcháin ar na Comhaltaí maidir lena ndualgais agus a bhfreagrachtaí faoi Acht 2009 agus faoi achtacháin ábhartha eile chun go ndéanfar deimhin a dhéanamh de go mbeidh oibríochtaí agus gníomhaíochtaí an BAI i gcomhréir leis an dea-chleachtas rialachais chorparáidigh san earnáil Stáit.

Lena chois sin, i gcomhréir lena chur chuige i dtaobh an dea-chleachtais chorparáidigh, cheap an tÚdarás Comhaltaí den Údarás ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca; cúig chruinniú a bhí ag an gCoiste sin in 2010. Bhí Larry Bass, Cathaoirleach an Choiste, an Dr Maria Maloney, Michelle McShortall, agus Siobhán Ní Ghadhra ar chuid de chomhaltaí an Choiste le linn na tréimhse atá i gceist.

I rith na bliana, d'fhorbair an tÚdarás freisin Creat agus Plean Forfheidhmiúcháin um Bainistíocht Riosca chun neamhchosaint an BAI ar riosca ar fud na heagraíochta a shonrú agus a bhainistiú go gníomhach, agus ag an am céanna an leas is mó is féidir a bhaint as na deiseanna atá ag an eagraíocht.

CUMARSÁID

Áiríodh ar chuspóirí straitéiseacha an BAI don bhliain gealltanas go gcuirfí i bhfeidhm plean chun an BAI a chur sa riocht go mbeadh sé ina cheannaire agus ina údarás a mbeadh meas air i dtaca le rialáil an chraolacháin, agus é ag feidhmiú ar mhaithe leis an bpobal i gcomhthéacs craolacháin Éireannach agus idirnáisiúnta.

Is trí Oifig Chumarsáide an BAI is mó a bhíonn teagmháil ag an eagraíocht agus ag páirtithe leasmhara seachtracha lena chéile. D'fhaomh an tÚdarás Plean Cumarsáide le haghaidh 2010 inar sonraíodh na réimsí gníomhaíochta a raibh an BAI le cumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh ina leith i rith na bliana. Déanann an Oifig Chumarsáide deimhin de go gcuirtear príomhtheachtaireachtaí an BAI in iúl ar bhealach éifeachtach, comhsheasmhach don tionscal agus don phobal trí chéile. Baintear úsáid as uirlisí éagsúla cumarsáide ansin. Fearacht fhormhór na mblianta, bhí a lán obair fhrithghníomhach i gceist in obair chumarsáide na bliana 2010.

Ceisteanna ó na Meáin

De bharr nádúr agus scóip obair an BAI, tagann a lán ceisteanna agus teagmhálacha ó na meáin faoi bhráid na heagraíochta agus is í an Oifig Chumarsáide a dhéileálann leo sin. Bíonn teagmháil réamhghníomhach ag an Oifig ar feadh na bliana le hiriseoirí, á gcur ar an eolas faoi phointí tábhachtacha a bhaineann le hobair leanúnach an BAI sa phlean oibre mar aon le nithe tábhachtacha eile a tharlaíonn i rith na bliana. Is í an Oifig freisin a bhainistíonn rannpháirtíocht Chathaoirleach agus Phríomhfheidhmeannach an BAI in agallaimh agus in imeachtaí de chuid na meán. In 2010, d'eisigh an BAI 30 preaseisiúint i dtaobh obair an Údaráis.

Iarratais ar Eolas

Is í an Oifig Chumarsáide a dhéileálann le gach uile iarratas ar eolas a chuirtear faoi bhráid an BAI agus déantar é sin ar bhonn laethúil. Bíonn éagsúlacht mhór sna hiarratais sin — ceisteanna ginearálta eolais ó dhaoine den phobal i dtaobh seirbhísí craolacháin in Éirinn ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, iarratais i bhfad níos mionchúisí a bhaineann le taighde ó acadóirí agus ó rialálaithe eile agus ó chraoltóirí.

Bainistíocht Imeachtaí

Tugann an Oifig Chumarsáide tacaíocht eagraíochtúil agus lóistíochtúil don eagraíocht ó thaobh imeachtaí agus ócáidí an BAI a dhearadh agus a thabhairt i gcrích. Áirítear orthu sin ócáidí ag a ndéantar comhairliúcháin a lainseáil, preasócáidí agus imeachtaí eile de chuid an BAI a bhíonn ar siúl i gcaitheamh na bliana. Bainistíonn an Oifig chomh maith an ionadaíocht a dhéantar ar an eagraíocht ag ócáidí tábhachtacha de chuid an tionscail, mar shampla Fleadh Scannán na Gaillimhe, Comhdháil Craolachán Pobail bhliantúil CRAOL, agus Féile na Meán Ceilteach.

Urraíocht an BAI

Uirlis thábhachtach is ea urraíocht a chuireann ar chumas an BAI cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla, agus a thugann cúnamh airgeadais freisin d'imeachtaí a bhaineann leis a tionscal.

In 2010, cuireadh urraíocht arbh fhiú €143,500 san iomlán é ar fáil do 13 imeacht. Bhí siad seo a leanas ar chuid de na gníomhaíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh: bhí Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann, Gradaim Raidió PPI, Gradaim Mhic Léinn na Meán, na Gradaim Fógraíocht Raidió, Féile Scannán Stranger than Fiction, Féile Scannán Ghuth Gafa, Fóram Meán Cleraun, Fleádh Scannán na Gaillimhe, Gradaim Radharc, Seachtain na Gaeilge, Féile na Meán Ceilteach, suíomh idirlín Chogar arna riaradh ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Comórtas Clár Raidió Gael Linn, agus Comórtas Raidió Ghlór na nGael.

Saoráil Faisnéise

Bíonn plé ag an BAI le hiarratasóirí a iarrann taifid faoin Scéim um Shaoráil Faisnéise atá ag an eagraíocht; tugtar eolas agus cabhair dóibh agus an t-iarratas á chur le chéile acu. In 2010, d'fhoilsigh an BAI leabhrán tagartha nuashonraithe i dtaobh cúrsaí faisnéise agus fuarthas naoi n-iarratas ar fhaisnéis a bhí i seilbh an BAI. Eagraíochtaí de chuid na meán a rinne formhór na n-iarratas sin agus deonaíodh 8 n-iarratas go hiomlán nó go páirteach.

Tuarascálacha maidir le Teilifís Dhigiteach

I gcomhréir leis na hoibleagáidí reachtúla atá ar an BAI tuarascálacha a sholáthar don Aire gach sé mhí i dtaca le ráta glactha na teilifíse digití ar na hardáin go léir sa Stát, rinne an BAI dhá thuarascáil a chur le chéile agus a chur faoi bhráid an Aire i mí Eanáir agus i mí Iúil 2010.

Gníomhaíochtaí i dtaca le Comhlíonadh, ar a n-áirítear tuarascáil ón gCoiste um Chomhlíonadh ar fheidhmiú a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí.

Tá an BAI freagrach as deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann craoltóirí na hÉireann oibleagáidí reachtúla agus conartha éagsúla. Is iad foireann an BAI a thugann faoi na gníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh agus baintear úsáid as meicníochtaí éagsúla leis an gcomhlíonadh a dheimhniú. Is é an Coiste um Chomhlíonadh agus/nó an tÚdarás atá freagrach as an measúnú agus an cinneadh deiridh a dhéanamh ar cheisteanna a éiríonn as na nithe sin.

An Coiste um Chomhlíonadh

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú an chomhlíonta — i dtaobh lánas craolta agus conarthaí araon — as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus as roinnt feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú.

Deich gcruinniú a bhí ag an gCoiste sa tréimhse atá i gceist; ar na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu bhí breithniú ar ghearáin agus cinntí i dtaobh gearán, athbhreithniú ar an bpróiseas gearán, breithniú ar na hathbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht craoltóirí, rannpháirtíocht i bhforbairt ráiteas straitéise an BAI, agus comhlíonadh na gcód agus na rialacha craolacháin ag craoltóirí. Áiríodh air seo na Rialacha Rochtana mar aon le ceanglais na Treorach um Sheirbhísí Meán Closamhairc maidir le léiriúchán neamhspleách.

I rith 2010, rinne an Coiste um Chomhlíonadh a bhreithniú agus thug sé a chinneadh i gcás 206 aighneacht a bhain le gearáin; 73 lá an meánmhéid ama a bhain leis seo, agus tá sé sin laistigh den tréimhse 90 lá atá leagtha síos mar sprioc ama lena aghaidh seo. Seasadh go hiomlán nó go páirteach le 58 de na gearáin sin.

Tar éis athbhreithniú ar an bpróiseas gearán, d'aontaigh an Coiste um Chomhlíonadh go dtabharfaí cead d'Fheidhmeannas an BAI breithniú tosaigh a dhéanamh ar ghearán in imthosca áirithe agus go mbunófaí Fóram Gearán an Fheidhmeannais ("ECF"), faoi alt 28(3) d'Acht 2009. Agus an cinneadh sin á dhéanamh ag an gCoiste, tugadh san áireamh an t-ualach riaracháin agus úsáid éifeachtach acmhainní faoi mar a phléitear in ailt 19(b) agus 32(3) agus (4) d'Acht 2009. Agus an measúnú tosaigh ar ghearán á tharmligean chun an Fheidhmeannais, bhí an bhuntuiscint ann go mbeadh próis chuí ar fáil ar bhonn prionsabail do gach páirtí sa ghearán. D'aontaigh an Coiste na prionsabail agus na nósanna imeachta a bhainfeadh le feidhmiú an Fhóraim. Rinneadh athbhreithniú ar obair an Fhóraim i mí na Nollag 2010 agus cuireadh an tuarascáil a d'éirigh as an athbhreithniú sin faoi bhráid an Choiste lena breithniú ag cruinniú mhí Eanáir den Choiste.

Reáchtáladh comhairliúchán sa tréimhse atá i gceist le craoltóirí maidir leis an gCód Cleachtais chun déileáil le gearáin de bhun alt 47 d'Acht 2009. Dhréachtaigh an Feidhmeannas nótaí treorach agus dréacht-teimpléad, agus d'aontaigh an Coiste ansin iad. Táthar ag súil go gcuirfidh na craoltóirí uile an Cód i bhfeidhm ag tús 2011.

Ghéill an Coiste freisin d'iarratas ó ghrúpa na Seirbhísí Closamhairc Ar Éileamh ("ODAS") go bhfeidhmeodh sé mar chomhlacht achomharc i dtaca le gearáin a bhaineann le lánas seirbhísí meáin chlosamhairc ar éileamh faoi Ailt 1 & 2 de Chuid 2 den Chód Iompair do Sheirbhísí Meáin Chlosamhairc Ar Éileamh.

Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht

In 2010, rinne an BAI athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht ar TV3, 27 seirbhís raidió tráchtála agus seacht seirbhís raidió pobail atá a gceadúnú ag an BAI. I ngach athbhreithniú ar fheidhmíocht, déantar measúnú ar fheidhmíocht an chraoltóra sa tréimhse a bhíonn i gceist, agus bíonn béim faoi leith ar chomhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus conartha ag an gcraoltóir. Na tuarascálacha a thagann as an bpróiseas sin, cuireann siad ar chumas an BAI measúnú a dhéanamh ar threochtaí ó bhliain go bliain, ar cheisteanna a bhaineann le comhlíonadh, agus eolas cothrom le dáta a fháil ar rudaí móra a tharlaíonn san earnáil chraolacháin. Tugtar faoi na hathbhreithnithe, den chuid is mó, trí struchtúr féintuairiscithe; ní mór don chonraitheoir foirm pro-forma um athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht a líonadh agus doiciméadú tacaíochta faoi leith a chur isteach i leith gach ceann de na réimsí a bhíonn á n-athbhreithniú. Is iad na réimsí a bhíonn i gceist: struchtúr úinéireachta agus rialúcháin; bainistíocht agus soláthar foirne; feidhmíocht airgeadais; agus stiúideonna agus tarchur. In 2010, reáchtáladh cruinnithe fosta leis na craoltóirí tráchtála náisiúnta agus le roinnt craoltóirí raidió áitiúla agus réigiúnacha eile, i gcás gur ceapadh go raibh gá le cruinnithe. Cuirfear i dtoll a chéile tuarascáil chomhchodach ina mbeidh cuntas ar na ceisteanna is mó atá tagtha as na hathbhreithnithe go léir, agus cuirfear an tuarascáil chomhchodach sin faoi bhráid an Údaráis agus dhá choiste an BAI.

An cheist is mó ar tugadh suntas dó sna hathbhreithnithe ba ea an bhéim leanúnach a bhí á cur ag na craoltóirí ar rialú costais. Rinneadh lear suntasach iomarcaíochtaí éigeantacha agus/nó toirmisc ar earcaíocht a chur i bhfeidhm ar fud earnáil an raidió tráchtála. Bhreithnigh an BAI na laghduithe seo i gcomhthéacs fheidhmíocht iomlán an chraoltóra agus chomhlíonadh a chuid oibleagáidí reachtúla agus conartha ag an gcraoltóir. Ar an iomlán, níor tháinig aon cheist chun tosaigh ar dhíol mór imní í. Insíodh do na craoltóirí go mbreithneodh an BAI aon laghduithe ar an líon foirne amach anseo ag féachaint do na gealltanais i dtaobh clár agus acmhainní a rinne an craoltóir i dtús aimsire, do cheisteanna a bhaineann le comhlíonadh agus do chaighdeán foriomlán na seirbhísí. I gcás seirbhísí áirithe, d'fhaomh an tÚdarás laghduithe ar an líon foirne nuair a tharla siad sin de thoradh athstruchtúrú faofa oibríochtaí agus/nó de thoradh socrú chun acmhainní a roinnt. Mhéadaigh TV3 a líon foirne sa tréimhse seo, agus ba de thoradh infheistíocht bhreise i gcláir a dhéantar in Éirinn is mó a tharla sé sin. Leanadh den bhac ar arduithe tuarastail in 2010 ar fud na hearnála.

Rud dearfach a tharla i dtaca le seirbhísí raidió pobail ba ea an méadú ón mbliain roimhe sin ar an mballraíocht phobail agus/nó méadú ar na huaireanta beochraolacháin agus ar na cláir phobail bheo.

Faireachán ar Lánas

Scrúdaíonn an BAI, mar chuid den phróiseas faireacháin, lánas na gclár a chraolann craoltóirí atá ceadúnaithe ag an BAI i rith na bliana; déantar é sin lena dheimhniú go bhfuil a gcuid oibleagáidí reachtúla agus conartha á gcomhlíonadh acu. Déantar faireachán freisin ar sheirbhísí teilifíse agus raidió RTÉ lena chinntiú go bhfuil na ceanglais reachtúla ábhartha á gcomhlíonadh acu. In 2010, b'éigean do TV3 agus do na craoltóirí raidió taifeadtaí dá n-ábhar craolta i dtréimhse seacht lá — de réir dátaí a shonraigh an BAI — chomh maith le doiciméadú tacaíochta ar nós clársceideal, loganna ceoil agus fógraíochta le haghaidh na tréimhse céanna, a chur faoi bhráid an Údaráis. B'éigean do RTÉ agus do na conraitheoirí teilifíse 24 uair d'ábhar craolta a chur faoi bhráid an Údaráis.

Is féidir achoimre mar seo a leanas a dhéanamh ar na saincheisteanna i dtaobh comhlíonadh atá ag éirí as an bhfaireachán ar lánas

Rialacha maidir le Rochtain

I Rialacha an BAI maidir le Rochtain ("Rialacha"), tá roinnt forálacha ar mhaithe le daoine atá bodhar nó nach bhfuil an éisteacht go maith acu agus daoine atá dall nó nach bhfuil amharc na súl go maith acu; is ann do na forálacha sin chun go bhféadfadh na daoine sin cláir a thuiscint agus taitneamh a bhaint as na cláir sin. Caithfidh gach craoltóir ceadúnaithe in Éirinn spriocanna a chomhlíonadh a bhaineann le fotheidealú, comhairliúchán le grúpaí úsáideoirí, agus cur chun cinn a chuid seirbhísí rochtana. Anuas ar an méid sin, caithfidh RTÉ1 agus RTÉ2 spriocanna a chomhlíonadh a bhaineann le Teanga Comharthaíochta na hÉireann agus le clostuairisc agus le fotheidealú clár do pháistí.

Na saincheisteanna ba mhó a d'éirigh as an bhfaireachán ar chomhlíonadh na Rialacha in 2010 ba ea nár baineadh amach na spriocanna céatadáin don fhotheidealú i gcás fhormhór na stáisiún, agus nach raibh caighdeán an fhotheidealúcháin ar chaighdeán sách ard i gcás cuid de na stáisiúin. Thagair na craoltóirí do dheacrachtaí a tháinig salach ar bhaint amach na spriocanna. Tá athbhreithniú le déanamh ar na Rialacha in 2011 agus áireofar air sin measúnú ar na saincheisteanna atá tagtha chun tosaigh agus na deacrachtaí ar thagair na craoltóirí dóibh ó thaobh na spriocanna a bhaint amach.

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Ar na dualgais nuachta agus cúrsaí reatha a bhaineann le craoltóirí raidió tráchtála, tá íosmhéid dhá uair an chloig de lánas nuachta idir 7am agus 7pm agus 20% i rith an lae chraolta iomláin. Comhlíonadh an dualgas sin den chuid is mó.

Fógraíocht, Urraíocht agus Promóisin Tráchtála

Ceadaítear do chraoltóirí raidió tráchtála 10 nóiméad fógraíochta ar a mhéad a chraoladh in aghaidh na huaire agus 6 nóiméad in aghaidh na huaire a cheadaítear do chraoltóirí pobail. Méadaíodh an teorainn fógraíochta a bhaineann le craoltóirí teilifíse tráchtála go 12 nóiméad in 2010. Caithfidh craoltóirí forálacha reachtúla agus rialacha éagsúla a chomhlíonadh freisin; is forálacha agus rialacha iad sin a bhaineann le lánas fógraíochta agus tá siad códaithe i gCód an BAI um Chumarsáid Tráchtála Ghinearálta agus sa Chód um Chumarsáid Tráchtála Páistí.

De thoradh an phróisis faireacháin, fuarthas amach go raibh líon beag craoltóirí ag sárú na dteorainneacha fógraíochta agus cuireadh sárú tromchúiseach i leith trí chraoltóir raidió mar gheall ar an líon mór sáruithe a deimhníodh ina dtaobh. Bhí neamh-chomhlíonadh na rialacha a bhaineann le hurraíocht i gCód an BAI um Chumarsáid Tráchtála Ghinearálta ina chúis le cuid de na sáruithe seo. Bhí lánas eagarfhocal fógraíochta san urraíocht a bhí i gceist agus d'athrangaigh an BAI é, dá bhrí sin, mar fhógraíocht agus áiríodh é ar líon nóiméid fógraíochta an chraoltóra.

Tugadh neamh-chomhlíonadh na rialacha a bhaineann le hurraíocht chun suntais san fhaireachán ar sheirbhísí teilifíse agus raidió tráchtála agus pobail, agus ba dhíol imní é sin. Reáchtáil an BAI cruinnithe le craoltóirí chun treoir bhreise a thabhairt i dtaobh na rialacha.

Comhlíonadh maidir le Clársceidealú Ginearálta

Tá dualgas ar gach craoltóir gealltanais éagsúla a bhaineann le clársceidealú a chomhlíonadh; sonraítear na gealltanais sin i ndoiciméad dar teideal "Ráiteas Clárpholasaí" agus is cuid de chonradh an chraoltóra leis an BAI é sin. An tsaincheist ba mhó ar tugadh suntas di i bpróiseas an fhaireacháin ar lánas i dtaca leis na seirbhísí raidió tráchtála ba ea na difríochtaí idir na gealltanais a thug craoltóir ina chonradh i dtaobh aschur ceoil agus an t-aschur ceoil a craoladh i ndáiríre. Chuir roinnt craoltóirí aighneachtaí chuig an BAI agus iad ag iarraidh na gealltanais a thug siad a athrú. D'fhaomh an BAI cuid de na haighneachtaí ach iad a bheith faoi réir critéir shonracha a bhain leis an gcaoi a mbeadh tionchar ag an togra ar na gealltanais sa Ráiteas Clárpholasaí, leis an gcaoi a mbeadh tionchar aige ar ilchineálacht na seirbhísí atá ar fáil sa cheantar agus leis an gcaoi a mbeadh tionchar aige ar inmharthanacht na seirbhíse nó seirbhísí eile sa cheantar. Comhlíonadh go sásúil tríd is tríd gealltanais na gcraoltóirí i dtaobh an cheoil Éireannaigh.

An Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc

Cuirtear ceangal ar na Ballstáit le hAirteagal 16 deimhin a dhéanamh de go gcoimeádfaidh na craoltóirí ina ndlínse féin formhór an ama craolta (50%+) le haghaidh Saothair Eorpacha. Cuirtear ceangal ar na Ballstáit le hAirteagal 17 deimhin a dhéanamh de go gcoimeádfaidh na craoltóirí 10% ar a laghad de bhuiséad na gclár nó 10% den am craolta le haghaidh Saothair Eorpacha atá déanta ag léiritheoirí neamhspleácha. Is é an BAI atá freagrach as comhlíonadh na gceanglas seo ag TV3 a scrúdú. Léiríodh i scrúdú a rinneadh ar an aschur craolta don tréimhse dhá bhliain 2008 agus 2009 gur chomhlíon an stáisiún na ceanglais. Tá an chéad tuarascáil eile le cur i láthair ag deireadh 2011.

Comhlíonadh chóid fógraíochta an BAI ag craoltóirí ceadúnaithe neamh-Éireannacha, a bhfuil a lánas dírithe go hiomlán nó go príomha ar lucht éisteachta/féachana Éireannach

Faoi alt 28(5) den Acht Craolacháin 2009, caithfidh an BAI tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar bhonn bliantúil i dtaobh a mhéid a dhéanann craoltaí teilifíse de chuid craoltóirí atá faoi dhlínse Ballstáit eile, agus atá dírithe go hiomlán nó go príomha ar luchtanna féachana sa Stát, cóid chraolacháin a chomhlíonadh. 15 sheirbhís den chineál sin atá ann, agus glacann siad ar fad páirt i bhfógraíocht scar-rogha i gcomhair na hÉireann. Baineann na clár-sceidil chéanna leis na dlínsí go léir ina gcraoltar na seirbhísí agus, dá réir sin, ní chaithfidh an BAI ach an lánas fógraíochta a scrúdú.

In athbhreithniú na bliana 2010, rinneadh breithniú ar an bhfógraíocht i gcomhthéacs lánas toirmiscthe, ar a n-áirítear fócas ar fhógraíocht alcóil. Fuarthas amach go raibh an comhlíonadh go maith tríd is tríd, cé is moite de neamh-chomhlíonadh i dtaca le fógraíocht alcóil, is é sin an tairseach fógraíocht alcóil 25% a bheith á sárú agus an t-am a gcraoltar an fhógraíocht sin, idir 6 a.m. agus 10 a.m. Maidir le fógraíocht ar chainéil atá dírithe ar pháistí, níor thángthas ar aon fhianaise go raibh lánas á chraoladh a bhféadfaí a mheas ina leith le réasún gur lánas dúshaothraitheach nó míthreorach é.

Iniúchtaí ar an Láthair

Rinneadh iniúchtaí teicniúla i rith na bliana ar 113 tarchuradóir craolacháin le haghaidh stáisiúin náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus pobail. Fuarthas go raibh na rialacháin á gcomhlíonadh den chuid is mó, agus níor eisíodh ach ceithre fholáireamh i dtaobh sárú. Bhain trí cinn díobh sin le barraíocht cumhachta ag an tarchuradóir agus bhain ceann amháin díobh le heaspa trealamh pointe shamplaigh. Cuireadh na nithe sin ina gceart chun sástacht Fheidhmeannas an BAI.

Fíorú an Eolais a Chuir Conraitheoirí chuig an BAI

Faigheann agus fíoraíonn an BAI go rialta eolas a thagann ó chonraitheoirí i dtaobh athruithe ar ghnéithe den chonradh a bhíonn acu, ar a n-áirítear réimsí ar nós clársceidealú agus úinéireachta agus rialú. Baineann tábhacht leis an bpróiseas seo mar go dtugann sé chun suntais an dualgas atá ar chonraitheoirí togra foirmiúil a chur faoi bhráid an BAI agus iad ag iarraidh ar an BAI na hathruithe sin a fhaomhadh.

Iniúchtaí

Is féidir díriú sna hiniúchtaí ar aon réimse ábhartha de ghníomhaíocht an chonraitheora agus féadfar úsáid a bhaint astu i gcás go mbíonn mórcheisteanna ann i dtaobh comhlíonadh nó imní faoin gcomhlíonadh. Níor mheas an BAI gur ghá aon iniúchtaí den chineál sin a dhéanamh in 2010.

Gearáin Chraolacháin

Le linn 2010, próiseáladh go hiomlán 623 gearán, ar a n-áirítear 106 a tugadh ar aghaidh ó 2009. Tá de chuspóir ag an BAI gearáin a phróiseáil in achar réasúnach ama, agus ba chóir gearáin a bheith próiseáilte go hiomlán taobh istigh de 90 lá ón am a bhfaightear iad. In 2010, glacadh 21 lá, ar an meán, chun réiteach a fháil ar ghearáin a réitigh an craoltóir féin; 45 lá a ghlac gearáin a bhí le breithniú ag Fóram Gearán an Fheidhmeannais; agus 73 lá a ghlac gearáin a bhí le breithniú ag an gCoiste um Chomhlíonadh.

547 gearán craolacháin bailí a fuair an BAI in 2010, faoi na haicmí seo a leanas:

Gearáin a Tugadh ar Aghaidh ó 2009	Iomlán
Á bpróiseáil fós ag deireadh na bliana 2009	106
Forthorthaí	
Réitithe	19
Breithnithe ag an gCoiste um Chomhlíonadh	
Gearáin ar seasadh leo	24
Gearáin ar seasadh leo go páirteach	1
Gearáin a réitíodh idir an craoltóir agus an gearánach	2
Gearáin a diúltaíodh	50
Gearáin a diúltaíodh – níl le foilsiú	4
Neamhbhailí	2
Easpa ábhar fuaime	2
Neamhainmníocht tarraingthe siar	2

Catagóir Gearán	Iomlán
Cothrom na Féinne, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht	261
An Cód um Chumarsáid Tráchtála Ghinearálta	25
Dlí agus Ord	8
Príobháideacht an Duine Aonair	6
Caoinbhéasa agus Cuibheas	1
An Cód Caighdeán Clár	195
Na Cóid Fógraíochta Ghinearálta	51
IOMLÁN	**547**

Stádas na nGearán ag Deireadh na Bliana 2010	Iomlán
Gearáin Bhailí	547
Forthorthaí	
Réitithe	337
Tarraingthe siar ag an ngearánach	4
Á bpróiseáil fós ag deireadh na bliana	30
Breithnithe ag Fóram Gearán an Fheidhmeannais	1
Réitithe ag Fóram Gearán an Fheidhmeannais	60
Neamhainmníocht tarraingthe siar	2
Breithnithe ag an gCoiste um Chomhlíonadh	
Gearáin ar seasadh leo	29
Gearáin ar seasadh leo go páirteach	4
Gearáin a réitíodh idir an craoltóir agus an gearánach	1
Gearáin a diúltaíodh	76
Gearáin a diúltaíodh – níl le foilsiú	1
Tarraingthe siar – Neamhainmníocht	1
Dúnta de bharr cúinsí pearsanta	2
Neamhainmníocht tarraingthe siar	2

Foilsítear na cinntí go léir ar shuíomh gréasáin an BAI.

Gníomhaíochtaí i dtaca le ceadúnú agus conarthaí, ar a n-áirítear tuarascáil ón gCoiste um Dheonú Conarthaí ar fheidhmiú a fheidhmeanna agus a ghníomhaíochtaí.

In 2010, chuir an BAI gníomhaíochtaí ceadúnúcháin i gcrích a bhí i gcomhréir le straitéisí agus tosaíochtaí an BAI, chun go mbeadh fáil ag lucht éisteachta/féachana na hÉireann ar sheirbhísí teilifíse, raidió, EPG agus ilphléacs, nó chun go leanfadh na seirbhísí sin ar aghaidh. D'oiriúnaigh an BAI a chuid gníomhaíochtaí ceadúnúcháin de réir mar ba chuí chun forálacha an Achta Craolacháin 2009 a thabhairt san áireamh.

An Coiste um Dheonú Conarthaí

Sé chruinniú a bhí ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí le linn na tréimhse. Fuair an Coiste an líon iomlán comhaltaí a bhí dlite dó i mí Eanáir 2010 agus d'aontaigh sé buanorduithe agus modh oibriúcháin. I rith 2010, cuid de na príomhghníomhaíochtaí ba ea dornán iarratas le haghaidh conarthaí craolachán fuaime pobail agus conarthaí craolachán fuaime sealadacha a bhreithniú agus a dheonú mar aon le rannpháirtíocht i bhforbairt Ráiteas Straitéise an BAI 2011-2013.

Ceadúnú

Bhreithnigh an Coiste, agus d'fhaomh sé i bprionsabal, iarratais ar sheirbhísí raidió pobail deich mbliana a fuair sé i leith cheantair shaincheadúnais Iardheisceart Dhún na nGall (a chuimsíonn an ceantar ó na Cealla Beaga go Miltown), Oirthear Luimnigh agus Bhaile Átha Luain agus an cheantair máguaird. Ba iad na hiarratasóirí:

- Athlone Community Radio Limited
- Boherroe Broadcasting Company Limited
- South West Donegal Community Radio Limited

I gcás ceadúnais chraolacháin shealadacha, tugtar cead do na conraitheoirí craoladh ar feadh 30 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí dhéag. Faoi Acht 2009, ceadaítear freisin d'iarratasóirí a dhéanann iarratas ar sheirbhís raidió pobail phíolótach iarratas a dhéanamh ar uasmhéid 100 lá i dtréimhse 12 mhí.

I rith 2010, fuair an BAI 41 iarratas ar sheirbhísí craolachán raidió sealadacha. Mhol an Coiste go rachadh an tÚdarás i mbun idirbheartaíocht chonartha le 33 de na hiarratasóirí sin, agus tugadh 33 conradh i gcrích ina dhiaidh sin agus chuir na seirbhísí tús lena gcraolachán. Bhain na conarthaí sealadacha sin le seirbhísí ilchineálacha ar a n-áirítear coláistí, ollscoileanna, imeachtaí spóirt, agus féilte. Samplaí de na seirbhísí a faomhadh is ea Christmas FM, an tseirbhís mic léinn Belfield FM, agus seirbhís phobail phíolótach nua Cavan Community Radio agus Voluntary Forum Ltd.

San Aibreán, bhreithnigh an Coiste freisin an tuarascáil ar éisteacht ó bhéal idir comhaltaí den Fheidhmeannas agus WLCR FM Ltd., a fheidhmíonn conradh craolachán fuaime pobail in Iarthar Luimnigh. Bheartaigh an Coiste a mholadh don Údarás dul i mbun idirbheartaíocht chonartha leis an ngrúpa seo. I mí Mheán Fómhair, d'fhaomh an Coiste iarratas ar chonradh soláthar lánais ó United Christian Broadcasters (Ireland) Ltd. faoi alt 71 den Acht Craolacháin 2009.

Tugadh i gcrích i rith 2010 idirbheartaíocht maidir le conarthaí craolachán fuaime le Q102, Radio Nova agus Spirit AM. Síníodh cúig chonradh raidió pobail in 2010 agus chuir dhá sheirbhís tús lena gcraoladh sa tréimhse seo.

Iarratais ar cheadúnais shealadacha a síníodh in 2010

	Conraitheoir	Dáta an tsínithe
1	Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath – Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid	23 Aibreán 2010
2	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath – Belfield FM	27 Deireadh Fómhair 2010
3	Coláiste na Carraige Duibhe	17 Samhain 2010
4	Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin – Institiúid Bhreisoideachais Bhré	5 Márta 2010
5	Pobalscoil Chora Droma Rúisc, Co. Liatroma	4 Bealtaine 2010
6	Cavan Community and Voluntary Forum Limited	21 Meitheamh 2010
7	Christmas Radio Limited	22 Samhain 2010
8	Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí – Coláiste Stiofáin Naofa	17 Samhain 2010
9	Leeside Communications Limited	12 Bealtaine 2010
10	Gníomhaireacht Fhorbartha an Mhoil Dhigitigh	5 Márta 2010
11	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	23 Aibreán 2010
12	Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire – Coláiste Breisoideachais Dhún Laoghaire	8 Feabhra 2010
13	Earagail Arts Festival Management Company Limited	8 Iúil 2010
14	Ionad Ealaíona Iorras Teoranta	7 Iúil 2010
15	Bellerophon Limited – ag trádáil mar Griffith College Dublin agus Griffith College Cork	11 Feabhra 2010
16	Ingen Media Limited – Heartbeat FM	28 Meán Fómhair 2010
17	Aontas Peil Rugbaí na hÉireann	17 Meán Fómhair 2010
18	Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	14 Meán Fómhair 2010
19	Leeside Communications Limited	10 Eanáir 2010
20	Knock Holidays Limited	9 Lúnasa 2010
21	Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath – Coláiste Breisoideachais na Saoirsí	23 Márta 2010
22	Open FM Limited	9 Meitheamh 2010
23	Raidió X Teoranta	25 Feabhra 2010
24	Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath – Coláiste Breisoideachais Ráth Maonais	27 Aibreán 2010
25	Rineanna Radio Limited	9 Meitheamh 2010
26	Setanta Screens Limited	8 Deireadh Fómhair 2010
27	Shannon and District Community Radio Limited	23 Aibreán 2010
28	SOS Kilkenny Limited	15 Eanáir 2010
29	Sound Decisions Limited	31 Márta 2010
30	Coláiste Naomh Peadar, Loch Garman	29 Aibreán 2010
31	Tallaght Community Arts Centre Limited	22 Iúil 2010
32	Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	29 Eanáir 2010
33	Watchtower Bible and Tract Society of Ireland	23 Iúil 2010

Measúnú ar Thograí chun Conarthaí a Athrú

I rith 2010, fuair an BAI roinnt iarratas chun athruithe a chur ar chonarthaí ó thaobh Úinéireachta agus Rialú (Bord Stiúrthóirí, struchtúr bainistíochta agus scairsheilbhe) agus Ráitis Chlárpholasaí.

Úinéireacht agus Rialú

Le linn 2010, d'fhaomh an BAI athruithe ar an scairsheilbh i gcás na gconraitheoirí seo a leanas:

- 4FM
- Phantom FM
- Sunshine 106.8
- East Coast FM
- iRadio North-West agus iRadio North-East

Is doiciméid phoiblí iad na sceidil chonartha ina bhfuil an t-eolas faoi struchtúir úinéireachta agus rialúcháin na gcraoltóirí uile, agus tá fáil ag an bpobal orthu sin ach iad a iarraidh.

Fuarthas líon mór aighneachtaí ó chraoltóirí raidió pobail i ndáil le hathruithe ar chomhaltas a mBoird agus a lucht bainistíochta.

Fuarthas go raibh roinnt craoltóirí ag sárú na hoibleagáide conartha atá orthu an BAI a chur ar an eolas i dtaobh athruithe ar an gconradh.

Ráiteas Clárpholasaí

Breithníonn an BAI tograí ó chonraitheoir a Ráiteas Clárpholasaí a leasú, ag féachaint do thrí chritéar: (i) an chaoi a mbeadh tionchar ag an togra ar na gealltanais sa Ráiteas Clárpholasaí trí chéile; (i) an chaoi a mbeadh tionchar aige ar ilchineálacht na seirbhísí atá ar fáil sa cheantar; agus (iii) an chaoi a mbeadh tionchar aige ar inmharthanacht na seirbhíse nó seirbhísí eile sa cheantar.

D'fhaomh an BAI roinnt aighneachtaí inar moladh leasuithe a chur ar na gealltanais i dtaobh an cheoil sa chlársceideal a bhí ag craoltóirí tráchtála. Chuir roinnt craoltóirí raidió pobail aighneachtaí faoi bhráid an Údaráis freisin inar moladh cláir chainte shainspéise áirithe a leasú agus/nó cláir nua a chur in ionad na gclár sin; an fáth is mó a bhí leis na moltaí sin ba ea gur tháinig athrú ar na láithreoirí deonacha a bhí ar fáil. D'fhaomh an BAI bunáite na n-aighneachtaí sin i gcomhréir le critéir ábhartha.

Achoimre/Léargas Ginearálta ar an Scéim um Chistiú Craolacháin agus Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí na Bliana

Feidhmíonn an BAI scéimeanna cistiúcháin éagsúla ar mhaithe le forbairt cláir raidió agus theilifíse nua in earnáil chraolacháin na hÉireann. D'fhorbair an BCI an scéim um chistiú craolacháin "Sound and Vision" agus tá an scéim sin ann ó 2005 mar aon le Scéim um Chartlannú Craolacháin a raibh faomhadh ón Aontas Eorpach le fáil go fóill lena haghaidh ag deireadh 2010.

Chomh maith le roinnt athruithe eile ar an scéim a bhí ann go dtí sin, méadaíodh faoin Acht Craolacháin 2009 luach na scéime cistiúcháin ó 5% go 7% den ioncam ón táille Ceadúnas Teilifíse. Na hathruithe a tugadh isteach sa scéim leasaithe, tugtar san áireamh iontu forálacha an Achta Craolacháin 2009 agus na forthorthaí a bhain le hathbhreithniú oibriúcháin a rinneadh in 2008.

Ba í 2010 an chéad bhliain ar leithdháileadh an cistiú faoi na forálacha a leagtar amach i gCuid 10 den Acht. Feidhmíodh é faoin ainm "Sound and Vision II" ar feadh na bliana agus leanadh dá bharr de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt cláir nua raidió agus theilifíse do lucht éisteachta/féachana na hÉireann.

Sound & Vision II ('an Scéim')

Bunchuspóir Sound & Vision II is ea méadú a chur ar an bhfáil atá ag an bpobal, ar leibhéal náisiúnta, áitiúil agus pobail, ar scoth na gclár teilifíse agus raidió i mBéarla agus i nGaeilge – cláir ina gcíortar téamaí a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, i gcomhthéacsanna comhaimseartha agus stairiúla.

Tá cuspóirí Sound & Vision II bunaithe ar na forálacha reachtúla, agus áirítear orthu:

Cáilíocht

Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scoth na gclár teilifíse agus raidió atá bunaithe ar théamaí a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann.

An Ghaeilge

Cláir den chineál sin a fhorbairt sa Ghaeilge.

Breisíocht

Méadú a chur ar an bhfáil atá ag an lucht éisteachta/féachana sa Stát ar chláir a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, agus tacaíocht a thabhairt do chláir arb é a gcuspóir na téamaí sin a chíoradh ar bhealaí nuálacha.

Ilchineálacht

Tacaíocht a thabhairt do chláir ina léirítear an ilchineálacht a bhaineann le cultúr agus oidhreacht na hÉireann.

Oidhreacht
Taifeadadh a dhéanamh ar oidhreacht bhéaloidis na hÉireann, nó gnéithe d'oidhreacht na hÉireann, atá ag imeacht as, i gcontúirt nó nár taifeadadh roimhe seo.

Craolachán Áitiúil agus Pobail
Craolachán áitiúil agus pobail a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt do léiriú clár ag an earnáil seo.

Litearthacht Daoine Fásta nó Litearthacht sna Meáin
Tacaíocht a thabhairt do chláir atá dírithe ar fheabhas a chur ar Litearthacht Daoine Fásta nó Litearthacht sna Meáin.

Ceisteanna Domhanda
Tacaíocht a thabhairt do chláir a mhéadaíonn feasacht agus tuiscint an phobail ar cheisteanna domhanda a dhéanann difear don Stát agus do thíortha eile.

Feidhmiú na Scéime, 2010
Feidhmítear an Scéim de réir córas babhtaí cistiúcháin ar bhonn iomaíoch. Leagann an BAI treoirlínte síos agus cuirtear ar fáil ar a shuíomh gréasáin iad; mínítear ansin na cineálacha cláir ar féidir leo cistiú a tharraingt. Iarrtar iarratais ó lucht déanta clár go rialta, de réir mar a fhógraítear babhtaí nua cistiúcháin. Fógraíodh i mí Feabhra 2010 na dátaí deiridh a nglacfaí le hiarratais le haghaidh na dtrí bhabhta cistiúcháin raidió agus na dtrí bhabhta cistiúcháin teilifíse faoi Sound and Vision II, agus ciste €25.5m le leithdháileadh as sin go ceann dhá bhliain. Bhí athrú ar an scéim le hais blianta eile, sa mhéid is gur fógraíodh na babhtaí mar bhabhtaí oscailte agus leithdháileadh uasta €7m in aghaidh an bhabhta ar fáil don teilifís agus €1.5m don raidió. Dá bhrí sin, €10m de chistiú san iomlán a d'fhéadfaí a chur ar fáil in 2010 le haghaidh dhá bhabhta raidió agus babhta teilifíse amháin. Bhí teacht ag Scéimeanna Speisialta ar 5% den leithdháileadh sin.

Babhtaí Cistiúcháin Iomaíoch
Reáchtáladh babhta teilifíse nua amháin, dhá bhabhta nua raidió, agus dhá 'scéim speisialta' teilifíse in 2010 agus tugadh cistiú dóibh sin i mbliana.

Íocaíochtaí Deontas a Eisíodh
Fógraíodh cinntí i dtaobh cistiú do thionscadail teilifíse i mí an Mheithimh 2010. Tairgeadh deontais do 39 tionscadal teilifíse ar luach beagán le cois €7m san iomlán. Fuair earnáil an léiriúcháin neamhspleách agus craoltóirí craolachán pobail an cistiú go léir, beagnach. €22m an méid iomlán a iarradh, i gcomhair 106 tionscadal.

Fógraíodh i mí Feabhra agus i mí na Samhna na leithdháiltí cistiúcháin faoi choinne an dá bhabhta raidió. Leithdháileadh €965,000 ar 88 tionscadal i mbabhta mhí Feabhra, agus €1.2m le haghaidh 131 tionscadal a leithdháileadh i mbabhta mhí na Samhna. Thart faoi €6.5m san iomlán a lorgaíodh le haghaidh tionscadail raidió i mbliana.

Reáchtáladh dhá thionscadal 'scéimeanna speisialta' in 2010 fosta, agus deonaíodh €178,000 sa bhreis ar an gcaoi seo.

€9.4m a deonaíodh san iomlán in 2010, dá bhrí sin, as €28.6m a iarradh ar fad.

Cuntais an Chiste:

Déileáiltear in ailt 156 agus 157 den Acht Craolacháin 2009 leis na socruithe airgeadais a bhaineann le feidhmiú na Scéime um Chistiú Craolacháin ag an BAI. Foráiltear sna hailt sin go bhfeidhmeofar dhá chuntas (cuntas reatha agus cuntas infheistíochta) agus go gcúiteofar leis an BAI na speansais a thabhóidh sé agus an Ciste á riaradh aige. Tá tuilleadh eolais i dtaobh fheidhmiú na gcuntas sin i Rannán na gCuntas den tuarascáil seo.

Údarás Craolacháin na hÉireann.

Ráitis Airgeadais

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH
AN 31 NOLLAIG 2010

Clár an Ábhair Leathnach

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Údarás Craolacháin na hÉireann	47
Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais	48
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	50
Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta	51
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	53
Clár Comhardaithe	54
Ráiteas um Shreabhadh Airgid	55
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	68

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Údarás Craolacháin na hÉireann

De bhun théarmaí Acht 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as ráitis airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2010 a ullmhú, chun léargas fírinneach, cothrom a thabhairt ar chúrsaí mar atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann amhail ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, caithfidh an tÚdarás:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach, stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás de bheith i ngníomh;
- Dearbhú a thabhairt i dtaobh caighdeáin ábhartha chuntasaíochta a bheith nó gan a bheith curtha i bhfeidhm, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as:

- Leabhair chearta chuntas a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais mír 37(2) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna faomhadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.
- Sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chumhdach agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach

Comhalta den Údarás

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, admhaím go bhfuil freagracht ar an Údarás as deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á chur i ngníomh de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil – ní féidir leis deimhniú absalóideach a thabhairt ina leith seo.

Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

Tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialúcháin a dheimhniú:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna móra sa rialú a thuairisciú agus deimhin a dhéanamh de go ngníomhaítear chun é sin ina cheart.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a shonrú agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shonrú, ar a n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha.
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sonraithe.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Is ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta a bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe. Áiríodh air, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadúcháin ar ghabh buiséad bliantúil leis a d'athbhreithnigh agus a d'aontaigh an tÚdarás.
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léirigh an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas.
- Treoirlínte um rialú infheistíocht chaipitil atá sainithe go soiléir.

Feidhmítear feidhm iniúchta inmheánaigh, agus baintear úsáid as anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir mar bhonn eolais faoi obair na feidhme sin. Bíonn an plean iniúchta bliantúil bunaithe ar an anailís sin.

Bhí scrúdú ar na rialuithe inmheánacha airgeadais ar áireamh sa phlean iniúchta do 2010 agus cuireadh an ghníomhaíocht sin i gcrích i mí na Samhna agus mí na Nollag 2010.

Bhí faireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca a rinne maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin in Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, agus ar nithe a dúirt an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2010.

Arna shíniú thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

Cathaoirleach

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2010 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the Statement of Accounting Policies, the Income and Expenditure Account, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is applicable law and Generally Accepted Accounting Practice in Ireland.

Responsibilities of the Authority

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Broadcasting Authority of Ireland affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of Audit of the Financial Statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

